lmetb

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
Louth and Meath Education and Training Board



# Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

SOLAS
learning works

seai SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 3 |
| Comhthéacs Eagraíochtúil | 5 |
| Comhthéacs Straitéiseach | 6 |
| Dul Chun Cinn Go Dtí Seo | 7 |
| Ár nDaoine | 9 |
| Teagmháil a Dhéanamh lenár bhFoireann | 12 |
| Ár Spriocanna | 13 |
| Miondealú ar Astaíochtaí Carbóin | 18 |
| Oibreacha Deise chun Astaíochtaí Carbóin a Laghdú | 21 |
| Anailís Éifeachtúlachta Fuinnimh | 24 |
| Ár Spriocanna a Chomhlíonadh | 29 |
| Ceanglais Dhlíthiúla | 33 |
| Ár Modh Oibre | 37 |
| Córais Bainistíochta Fuinnimh agus Comhshaoil | 38 |
| Próisis a Dhigitiú | 40 |
| Soláthar Poiblí Glas | 41 |
| Modhanna Tógála Ísealcharbóin | 46 |
| Úsáid Acmhainní | 47 |
| Ár bhFeithiclí | 49 |
| Ár bhFoirgnimh | 51 |
| Achoimre ar Chlár na nDeiseanna agus na dTionscnamh do Scoileanna & Ionaid BrOO | 53 |
| Na Chéad Ghníomhartha Eile | 55 |
| Conclúid | 60 |




# Réamhrá





**MARTIN G. O'BRIEN**

**PRÍOMHFHEIDHMEANNACH BOOLM**

Tá áthas orm an dara Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid BOOLM a chur in bhur láthair.
Tá BOOLM tiomanta chun dul i ngleic leis an Sainordú Earnála Poiblí agus ár spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach. Táimid ag infheistiú inár bhfoirgnimh, ag forbairt ár bpróiseas agus ár nósanna imeachta, ag oiliúint ár bhfoirne agus ag dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun ár gcion féin a dhéanamh chun aistriú iomlánaíoch a dhéanamh chuig todhchaí ísealcharbóin. Déanann an Treochlár seo cur síos mionsonraithe ar an obair sin. Cuirfear ar fáil go poiblí é agus dáilfear ar ár bhfoireann é. Tá súil agam go spreagfaidh sé baill foirne, foghlaimeoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, soláthraithe agus páirtithe leasmhara eile chun a gcion féin a dhéanamh chun gníomhú go hinbhuanaithe.

**SINÉAD MURPHY**

**STIÚRTHÓIR TACAÍOCHTA AGUS FORBARTHA EAGRÚCHÁIN**

**SEAIMPÍN NA HAERÁIDE AGUS NA HINBHUANAITHEACHTA**

Tá cúig sprioc straitéiseacha i Ráiteas Straitéise BOOLM 2022-2026. Is é Sprioc 5 "gníomhú ar bhealach atá comhsheasmhach le todhchaí inbhuanaithe agus i gcomhréir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na hÉireann"
Chun na críche seo, tá gealltanas tugtha ag BOOLM do roinnt Gníomhartha Straitéiseacha faoin Sprioc, mar a chomhaontaigh an Bord. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach i réiteach an Treochláir.
Táim muiníneach, trí oibriú le chéile, gur féidir linn a uaillmhian a bhaint amach.

# Comhthéacs Eagraíochtúil

Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) an soláthraí oideachais agus oiliúna is mó i gContae Lú agus i gContae na Mí, agus cuireann sé réimse leathan seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fáil do bhreis is 39,000 dalta agus foghlaimeoir gach bliain. Tá 19 scoil agus coláiste iar-bhunscoile, cúig Phobalscoil Náisiúnta, trí Choláiste, ocht nIonad Ógtheagmhála, naoi nIonad BrOO/SDOG, Coláiste Dhroichead Átha, Ionad Scileanna agus Oiliúna Réigiúnach Dhún Dealgan, agus an tIonad Oiliúna Barr Feabhais Ard-Déantúsaíochta á mbainistiú ag BOOLM. Tá BOOLM freagrach as raon fairsing Seirbhísí Oideachais ar fud an dá chontae, lena n-áirítear Seirbhísí Foghlama d'Aosaigh, Oideachas Pobail, Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas agus Treoir d'Aosaigh.

Faoin Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 mar chuid de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (PGA24), a bhaineann le heagraíochtaí san earnáil phoiblí, ní mór do BOOLM Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide a ullmhú chun tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna dícharbónaithe agus éifeachtúlachta fuinnimh atá leagtha amach in PGA24 a bhaint amach. Tríd is tríd, ní mór don earnáil phoiblí laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi 2030. Tá sprioc aonair leagtha síos ag an ÚFIÉ (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) do gach eagraíocht san earnáil phoiblí maidir le laghdú foriomlán ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhuinneamh. Is doiciméad beo é an Treochlár seo, a dhéanfar a nuashonrú go bliantúil nó de réir mar is gá, chun dul chun cinn BOOLM a léiriú agus chun na riachtanais faoin Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide a chomhlíonadh.





# Comhthéacs Straitéiseach

Ceann de na cúig sprioc straitéiseacha faoi Straitéis BOOLM do 2022 go 2026 ná gníomhú go hinbhuanaithe, ar bhealach atá comhsheasmhach le todhchaí inbhuanaithe agus atá comhsheasmhach le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na hÉireann.

Tacaítear leis an straitéis seo trí shé ghníomh:

- Beartas inbhuanaitheachta a fhorbairt do BOOLM atá ag teacht le spriocanna na Náisiún Aontaithe agus Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na hÉireann, lena n-áirítear na spriocanna sonracha atá leagtha síos faoin bplean sin do BOOLM
- Chun dul i dteagmháil leis an bhfoireann maidir le cur i bhfeidhm Bheartas Inbhuanaitheachta BOOLM chun cur ar a gcumas rannchuidiú le cuspóirí inbhuanaitheachta BOOLM
- Chun dul i dteagmháil le foghlaimeoirí maidir le cur i bhfeidhm Bheartas Inbhuanaitheachta BOOLM chun cur ar a gcumas rannchuidiú le cuspóirí inbhuanaitheachta BOOLM
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt, lena n-áirítear leis an ÚFIÉ, ar féidir leo cur le cuspóirí inbhuanaitheachta BOOLM
- Cinntiú go ndéantar réadmhaoin BOOLM a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe i gcomhréir le Beartas Inbhuanaitheachta BOOLM
- Tionchar comhshaoil BOOLM a laghdú de réir Bheartas Inbhuanaitheachta BOOLM

Sprioc | Rannpháirtíocht Foirne | Rannpháirtíocht Foghlaimeoirí | Comhpháirtíochtaí | Bainistiocht Maoine Inbhuanaithe | Tionchar Comhshaoil

# Dul Chun Cinn Go Dtí Seo

## Feidhmíocht Aeráide
## 2023

Baineann astaíochtaí iompair go príomha le socruithe taistil Choláiste Dhún Bóinne, áit a mbíonn mic léinn á n-iompar ar bhus idir áiseanna lasmuigh den láthair agus suíomh reatha an choláiste. Mar thoradh ar thionscadal nua Choláiste Dhún Búinne na Todhchaí (CDBT) agus comhdhlúthú foirgneamh, beidh astaíochtaí iompair i bhfad níos lú ag BOOLM.

Cabhróidh CDBT le spriocanna Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach trí Fhoirgneamh Astaíochtaí Nialasach (FAN) a thógáil lena chur in ionad 30 Aonad agus 5 ionad ar léas lasmuigh den láthair a bhfuil rátálacha RFF (rátáil fuinnimh foirgnimh) an-lag acu. Tá naisc iompair den scoth ag an suíomh atá beartaithe - seirbhísí traenach, srl. agus beidh sé indéanta feithiclí leictreacha (FL) a luchtú ann. Beidh an foirgneamh nua i gcomhréir le caighdeáin FAN, agus ginfear formhór den fhuinneamh a úsáidtear ar an gcampas ar an láthair, agus beidh rátáil A2 aige.

Is ó uirlisí M&T (Monatóireachta agus Tuairiscithe) agus Bearna go Sprioc ÚFIÉ a thagann na figiúirí go léir, a úsáidtear chun spriocanna agus riachtanais chomhshaoil, fuinnimh agus carbóin BOOLM a thomhas agus a thuairisciú.





**ASTAÍOCHTAÍ LEICTREACHAIS**
19.7% NÍOS LÚ NÁ 2022

**ASTAÍOCHTAÍ TEIRMEACHA**
14.8% NÍOS LÚ NÁ 2022

**CO2 A BHAINEANN LE FUINNEAMH**
17.4% NÍOS LÚ NÁ 2022

**ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH**
51.7% FAOIN MBONNLÍNE

**ÍDIÚ FUINNIMH PRÍOMHÚIL**
10.2% NÍOS LÚ NÁ 2022

**ASTAÍOCHTAÍ IOMPAIR**
455% NÍOS MÓ NÁ 2022

# Ár nDaoine

## CEANNAIREACHT AGUS RIALACHAS

### Tiomantas Ardbhainistíochta

Tá BOOLM tiomanta do shármhaitheas agus nuálaíocht in oideachas agus oiliúint daoine óga agus aosach. Is téama lárnach uileghabhálach inár dteagasc, foghlaim agus forbairt scileanna é rannpháirtíocht dhearfach agus glacadh le gníomhú ar son na haeráide, agus sinn ag cur bealach nua maireachtála agus oibre chun cinn a chosnaíonn ár bpláinéad.

Tá BOOLM tiomanta go hiomlán do na spriocanna agus na gníomhartha atá leagtha amach sa Treochlár seo. Déanfaidh baill foirne shinsearacha a ndícheall iad a bhaint amach i gcomhar le scoileanna, ionaid agus oifigí. Tá oiliúint cheannaireachta ar ghníomhú ar son na hAeráide eagraithe do Bhainisteoirí Sinsearacha. Clúdaíonn an oiliúint seo na gnéithe seo a leanas:

- Bunghnéithe Aeráide – Réamhrá ar an nGéarchéim Aeráide
- Rialachas, Beartas agus Meastóireacht Aeráide
- Dúshlán na hAeráide agus Ceannaireacht

Tá an Treochlár sínithe ag Príomhfheidhmeannach BOOLM, an tUasal Martin O'Brien, chun tiomantas BOOLM maidir le dícharbónú na hearnála poiblí a dhearbhú. Is ball de Chlár Comhpháirtíochta Dícharbónú Fuinnimh ÚFIÉ é BOOLM.

### Seaimpín Aeráide agus Inbhuanaitheachta (SAI) Ainmnithe

Is í Sinéad Murphy, Uasal, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagrúcháin, Seaimpín Aeráide agus Inbhuanaitheachta (SAI) BOOLM. Mar bhall d'fhoireann shinsearach bainistíochta BOOLM, atá freagrach go díreach do Phríomhfheidhmeannach BOOLM, is é a príomhról i réimse na hinbhuanaitheachta maoirseacht a dhéanamh ar Fhoireann Ghlas BOOLM agus gníomhú mar urraitheoir dóibh ag leibhéal na hardbhainistíochta. Le tacaíocht ón bhFoireann Ghlas, cuireann an SAI an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide don Earnáil Phoiblí i bhfeidhm agus tuairiscíonn sí air, cinntíonn sí tráthúlacht agus cáilíocht an tuairiscithe ar an Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide, brúnn sí cur i bhfeidhm tionscadal agus gníomhartha aontaithe chun cinn, agus labhraíonn sí ar son an Aeráid agus an Fuinneamh a chur san áireamh i spriocanna straitéiseacha agus leithdháileadh acmhainní BOOLM.



### Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh (OFF) Ainmnithe

Faoi stiúir Stiúrthóireacht an TFE, tá Foireann Ghlas bunaithe ag BOOLM faoi cheannaireacht an Oifigigh Feidhmíochta Fuinnimh (OFF), an tUasal Frank Smith, Príomhoifigeach Cúnta, Eastát, Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus Inbhuanaitheachta i Roinn na Talún agus na bhFoirgneamh. Is é ról an Oifigigh Feidhmíochta Fuinnimh (OFF) cleachtais bainistíochta fuinnimh Threochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide BOOLM a chur i bhfeidhm, deiseanna a aithint ó thús go deireadh agus tionscadail chaipitil á gcur i gcrích, agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar na cleachtais seo. Treoraíonn an tOifigeach Feidhmíochta Fuinnimh (OFF) forbairt na gcóras bainistíochta fuinnimh, déanann sé maoirsiú ar phleanáil agus cur i bhfeidhm bearta láidre oideachais agus rannpháirtíochta ar fud BOOLM, agus maoirsíonn sé na hoibreacha atá riachtanach chun spriocanna aeráide BOOLM a bhaint amach.

### Struchtúr Rialachais

Tá gnéithe reachtaíochta, rialála, socruithe féinrialála, cóid, gealltanais agus cleachtais ghnó atá tagtha chun cinn laistigh den eagraíocht sa chreat rialachais chorparáidigh do BOOnna. De réir reachtaíocht BOO, sainmhínítear feidhmeanna BOO mar fheidhmeanna forchoimeádta (a dhéanann an Bord) agus feidhmeanna feidhmiúcháin (a dhéanann an Príomhfheidhmeannach, i gcomhréir le beartais an BOO, agus atá cuntasach don Bhord as comhlíonadh cuí a fheidhmeanna/a feidhmeanna). Áirítear le struchtúr eagraíochtúil na BOOnna leibhéal ardbhainistíochta faoi bhun leibhéal an Phríomhfheidhmeannaigh i dtrí réimse stiúrthóireachta: Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúna agus Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin. Soláthraíonn an struchtúr bainistíochta seo tacaíocht don Phríomhfheidhmeannach maidir lena fheidhmeanna a chomhlíonadh agus cuireann sé leis an gcuspóir foriomlán go mbainistítear feidhmeanna an BOO go héifeachtach agus de réir na gceanglas sa Chód Cleachtais.

Toisc gurb ann do shraith ardbhainistíocht, fágtar gur féidir tascanna agus róil a tharmligean go foirmiúil ón bPríomhfheidhmeannach chuig an stiúrthóireacht, agus é mar aidhm go ndéanfaí bainistíocht éifeachtach ar éilimh na heagraíochta agus go gcuirfeadh dea-chleachtais rialachais chun cinn agus i bhfeidhm.

Tá Foirne Glasa i bhformhór na scoileanna agus ionaid BOOLM, agus, le tacaíocht leanúnach ó Fhoireann Ghlas BOOLM, is é an aidhm go mbeadh Foirne Glasa i láthair i ngach scoil agus ionad.

Le déanaí, tá comhairleoir Éifeachtúlachta Fuinnimh i nDearadh faighte agus ceaptha ag BOOLM. Úsáidfidh BOOLM an saineolaí gairmiúil nua seo i ngach réimse fuinnimh agus chun an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide do BOOLM a chur chun cinn tuilleadh.




**Le tacaíocht ó ÚFIÉ agus an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (TÉF)**

## Foirne Glasa

I gcomhréir le moltaí ón Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide, tá Foireann Ghlas BOOLM bunaithe ag an BOOLM inár n-oifigí, inár scoileanna agus inár n-ionaid. Gníomhaíonn Foireann Ghlas BOOLM ar bhonn comhairleach agus comhairliúcháin chun cabhrú le spriocanna foriomlána fuinnimh a bhaint amach. Cuireann sé tacaíocht ar fáil freisin d'Fhoirne Glasa ionaid scoile agus oifige

Is iad seo a leanas baill Fhoireann Ghlas BOOLM:

- Sinéad Murphy, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagrúcháin
- Frank Smith, Príomhoifigeach Cúnta, Eastáit, Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht
- Veronica Feeney, Príomhoifigeach Cúnta, Caipiteal
- Sorcha Malone, Bainisteoir Tionscadail – Roinn Talún agus Foirgneamh
- Ionadaithe ó Scoileanna agus ó Ionaid BrOO

Moltar do Fhoirne Glasa i scoileanna agus ionaid tuairisciú a dhéanamh go rialta ar dhul chun cinn tionscnamh ar fud na scoile nó an ionaid chuig Foireann Ghlas Cheanncheathrú BOOLM. Cuireann na foirne seo bailiú sonraí maidir le hídiú fuinnimh chun cinn, déanann siad monatóireacht ar úsáid fuinnimh, cuireann siad straitéisí bainistíochta fuinnimh i bhfeidhm chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus laghdú a dhéanamh ar charbón, agus déanann siad teagmháil le baill foirne agus mic léinn maidir le tionscnaimh ar chleachtais mhaithe fuinnimh agus inbhuanaitheachta.

Tugann na Foirne Glasa deis do gach ball foirne agus foghlaimeoir tacú le spriocanna aeráide agus fuinnimh BOOLM agus cuireann siad ardán ar fáil do pháirtithe leasmhara chun feabhsuithe ar chleachtais a mholadh óna dtaithí laethúil sna foirgnimh seo.





# Teagmháil a Dhéanamh lenár bhFoireann

Leanfaidh BOOLM ar aghaidh:

- **ag glacadh páirt in oiliúint arna soláthar ag ÚFIÉ trí Nasc Fuinnimh (Energy Link) ar fhéilire imeachtaí na hearnála poiblí.**
- **ag spreagadh baill foirne chun Cúrsaí Acadamh Fuinnimh ÚFIÉ a chríochnú.**
- **ag cur rannpháirtíocht i gceardlanna oiliúna Fuinnimh san Oideachas chun cinn.**
- **ag coinneáil na foirne ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le gníomhú go hinbhuanaithe trí fheachtais ar nós "Laghdaigh d'Úsáid"**
- **ag eagrú ceardlanna bliantúla foirne chun feasacht a chruthú agus chun saincheisteanna aeráide agus inbhuanaitheacht a phlé.**
- **ag úsáid na meán sóisialta, ríomhphost agus idirghníomhaíochta ó bhéal chun feasacht a mhéadú.**
- **ag glacadh páirt in oiliúint Soláthair Phoiblí Ghlais.**

Oiliúint atá déanta ag an bhfoireann cheana féin:

- Ceardlann Fuinnimh san Oideachas ÚFIÉ
- Comhdháil Bhliantúil um Ghníomhú ar son na hAeráide BOO & ÚFIÉ
- Gnéithe Bunúsacha Fuinnimh ÚFIÉ
- Gnéithe Bunúsacha Carbóin ÚFIÉ
- Luasaire um Theagmháil a dhéanamh le Daoine ag an Obair ÚFIÉ
- Oiliúint Mapa Fuinnimh
- Clár Oiliúna um Theastas Gníomhaithe ar son na hAeráide Feasacht Bhunúsach Foirgneamh Neodrach ó thaobh Fuinnimh (FNF)
- Clár Aisfheistithe FNF
- Oiliúint Náisiúnta um Dhearadh Éifeachtúil Fuinnimh na Foirne Glasa
- Fuinneamh ÚFIÉ agus Tusa: Laghdaigh D'Úsáid
- Acadamh Fuinnimh ÚFIÉ
- Inbhuanaitheacht Comhshaoil san ionad oibre
- Seimineáir Ghréasáin Feasachta ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht



# Ár Spriocanna

## Anailís Astaíochtaí Carbóin



### Astaíochtaí Bonnlíne agus Reatha

Ní mór do BOOLM laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi 2030.




Fíor 1: Astaíochtaí gás ceaptha teasa BOOLM ó leictreachas agus breoslaí iontaise - Figiúr bonnlíne, astaíochtaí 2023, astaíochtaí réamh-mheasta 2030, agus astaíochtaí sprice 2030 ó uirlis Bearna go Sprioc ÚFIÉ

Déantar comparáid i bhFíor 1 idir astaíochtaí carbóin comhiomlána BOOLM ó leictreachas, fuinneamh teirmeach, agus úsáid breosla iompair i mbonnlíne 2016-2018 agus in 2023, in éineacht le hastaíochtaí réamh-mheasta 2030 agus na sprioc-astaíochtaí 2030 ó uirlis Bearna go Sprioc sonraí M&T ÚFIÉ. Déantar uirlis Bearna go Sprioc ÚFIÉ a nuashonrú go bliantúil i gcomhréir le ceanglais an phlean gníomhaithe ar son na haeráide chun dul chun cinn BOOLM i gcoinne ár spriocanna aeráide a thomhas go leanúnach.

Ní mór do BOOLM a astaíochtaí carbóin a laghdú 57% nó 2,509,330 kgCO2e chun a spriocanna aeráide a bhaint amach. Is é an meastachán a dhéanann an uirlis Bearna go Sprioc ná go mbeidh laghdú 79% ar astaíochtaí leictreachais ón eangach – laghdú de 1,677,487.7 kgCO2e ar astaíochtaí leictreachais trí ghlasú an eangaigh, agus caithfear an laghdú 831,842.4 kgCO2e atá fágtha a bhaint amach trí úsáid fuinnimh breosla iontaise a dhíothú i bhfoirgnimh BOOLM. Tá BOOLM ag cur pleananna feabhsúcháin foirgneamh i gcrích chun ár spriocanna 2030 a bhaint amach; pléitear é seo tuilleadh sna rannóga “Bearna go Sprioc” agus “Obair Deiseanna chun Astaíochtaí Carbóin a Laghdú”.




Fíor 2: Astaíochtaí gás ceaptha teasa BOOLM ó bhreoslaí iontaise - Figiúr bonnlíne, astaíochtaí 2023, astaíochtaí réamh-mheasta 2030, agus astaíochtaí sprice 2030 ó uirlis Bearna go Sprioc ÚFIÉ

Déantar comparáid i bhFíor 2 idir astaíochtaí comhiomlána carbóin BOOLM ó fhuinneamh teirmeach agus úsáid breosla iompair sa bhunlíne 2016-2018 agus in 2023 amháin, in éineacht le hastaíochtaí réamh-mheasta 2030 agus na sprioc-astaíochtaí 2030 ó uirlis sonraí Bearna go Sprioc M&T ÚFIÉ. Déantar uirlis Bearna go Sprioc ÚFIÉ a nuashonrú go bliantúil i gcomhréir le ceanglais an phlean gníomhaithe ar son na haeráide chun dul chun cinn BOOLM i gcoinne ár spriocanna aeráide a thomhas go leanúnach.

Ní mór do BOOLM a n-astaíochtaí carbóin bunaithe ar bhreosla iontaise a laghdú faoi 51%, nó 831,842.4 kgCO2e, chun a spriocanna aeráide a bhaint amach. Tá BOOLM ag cur pleananna feabhsúcháin foirgneamh i gcrích chun ár spriocanna 2030 a bhaint amach; pléitear é seo tuilleadh sna rannóga "Bearna go Sprioc" agus "Obair Deiseanna chun Astaíochtaí Carbóin a Laghdú".






Fíor 3: Astaíochtaí carbóin réamh-mheasta do phunann BOOLM ó leictreachas agus breoslaí iontaise ó uirlis Bearna go Sprioc ÚFIÉ

Taispeánann Fíor 3 astaíochtaí carbóin BOOLM ó leictreachas, fuinneamh teirmeach, agus úsáid breosla iompair (ó 2023) ó 2009 go dtí an lá inniu, chomh maith le hastaíochtaí amach anseo go dtí 2050. Ina theannta sin, léiríonn an fhíor seo astaíochtaí bliantúla réamh-mheasta bunaithe ar oibreacha feabhsúcháin agus athchóirithe chun astaíochtaí a laghdú, agus méadú ar úsáid fuinnimh mar gheall ar fhás agus ar áiseanna nua do BOOLM. Tagann an fhíor seo ón uirlis Bearna go Sprioc ÚFIÉ, a nuashonraítear gach bliain de réir riachtanais an phlean gníomhaithe ar son na haeráide chun dul chun cinn BOOLM i dtreo ár spriocanna aeráide a thomhas go leanúnach.

Tá BOOLM ag cur pleananna feabhsúcháin foirgneamh i gcrích chun ár spriocanna 2030 a bhaint amach; pléitear é seo tuilleadh sna rannóga "Bearna go Sprioc" agus "Obair Deiseanna chun Astaíochtaí Carbóin a Laghdú".





# Miondealú ar Astaíochtaí Carbóin

| Foirgneamh | Bliain Forfheidhmithe | Cineál Fuinnimh | Kwh |
|---|---|---|---|
| Ceannoifig BOOLM Nua, Droichead Átha | 2027 | Leictreachas (Eangach) | 127,980 |
| Coláiste Uí Chearbhaill, An Obair - Scoil Nua | 2025 | Gás Nádúrtha | 643,545 |
| Iar-bhunscoil na Sceiche - Síneadh Mór | 2025 | Gás Nádúrtha | 259,428 |
| Coláiste na hInse - Cóiríocht Bhreise | 2028 | Leictreachas (Eangach) | 86,100 |
| Coláiste na Mí - Síneadh Chéim II | 2026 | Leictreachas (Eangach) | 105,510 |
| Bunscoil Fhochairde - Cóiríocht Shealadach | 2028 | Gás Nádúrtha | 16,470 |
| Iar-bhunscoil Naomh Oilibhéar, An Seanchaisleán - Cóiríocht Bhreise | 2028 | Leictreachas (Eangach) | 86,297 |
| Coláiste Beaufort, Síneadh | 2027 | Leictreachas (Eangach) | 102,402 |
| Coláiste DeLacy, Cill Bhúirne - Síneadh Chéim II | 2028 | Leictreachas (Eangach) | 393,510 |
| Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha (IBDA) - Saoráid Ilchuspóireach Tríú Leibhéal | 2027 | Leictreachas (Eangach) | 73,653 |
| Naomh Oilibhéar Droichead Átha - Cóiríocht Bhreise | 2029 | Leictreachas (Eangach) | 73,000 |
| Scoil Ard Rí an Uaimh - Scoil Nua | 2028 | Leictreachas (Eangach) | 144,144 |
| Coláiste Ríoga Dhún Seachlainn - Scoil Nua | 2027 | Leictreachas (Eangach) | 145,129 |
| Dún Búinne - Coláiste BOO Nua | 2030 | Leictreachas (Eangach) | 146,500 |
| An Bóthar Buí - Scoil Nua | 2026 | Leictreachas (Eangach) | 143,628 |
| Dún Dealgan - Ionad Scileanna agus Oiliúna Réigiúnach Nua | 2032 | Leictreachas (Eangach) | 225,600 |
| Bóthar na Mainistreach, An Uaimh - Tionscadal an Chiste um Uasghrádú Bonneagair Straitéisigh (CUBS) | 2028 | Leictreachas (Eangach) | 108,000 |
| Pobalscoil Náisiúnta (PN) Dhún Seachlainn - Scoil Nua | 2027 | Leictreachas (Eangach) | 145,000 |

Leagtar amach i dTábla 1 na méaduithe réamh-mheasta ar gach ídiú a eascraíonn as áiseanna nua, méadú ar ghníomhaíocht agus leathnú seirbhísí. Leagtar amach ann freisin an bhliain atá beartaithe don chur i bhfeidhm, an cineál fuinnimh a bhfuiltear ag súil leis agus an méadú a bhfuiltear ar ídiú fuinnimh kWh a bhfuiltear ag súil leis. Tabhair faoi deara go n-eascraíonn na méaduithe ar bhreoslaí iontaise ó Bhunscoil na Sceiche, Coláiste na hInse, Coláiste na Mí, agus Coláiste Beaufort as síntí pleanáilte ar fhoirgnimh a bhfuil córais téimh bunaithe ar bhreoslaí iontaise iontu cheana féin i gcomhréir leis na rialacháin reatha agus níl córais breoslaí iontaise nua in úsáid iontu.

## Miondealú CO2 2030 | cás samhaltaithe




Fíor 4: Miondealú ar astaíochtaí carbóin de réir foinse in BOOLM 2030, ó uirlis Bearna go Sprioc ÚFIÉ

Is cairt réaltphléasctha í Fíor 4 ina ndéantar miondealú ar na hastaíochtaí réamh-mheasta do 2030 in BOOLM. Is ionann breoslaí iontaise agus 70% de na hastaíochtaí iomlána, agus is ionann ceirisín, gás-ola, agus gás peitriliam leachtach (GPL) agus 22% d'astaíochtaí breoslaí iontaise. Tagann an fhíor seo ón uirlis Bearna go Sprioc ÚFIÉ, a nuashonraítear gach bliain de réir riachtanais an phlean gníomhaithe ar son na haeráide chun dul chun cinn BOOLM i dtreo ár spriocanna aeráide a thomhas go leanúnach.



## 2030 sprioc CO2 | cás samhaltaithe




Fíor 5 Dul chun cinn maidir le spriocanna astaíochtaí carbóin 2030 a bhaint amach, ó uirlis Bearna-go-Sprioc ÚFIÉ

Is cairt chascáide í Fíor 5 a léiríonn an dul chun cinn atá á dhéanamh ag BOOLM i gcoinne a spriocanna breosla iontaise do 2030. Tá laghdú 5.35% tagtha ar astaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise ón mbonnlíne ó 2023 i leith. De réir mar a laghdóidh an líon mór carbóin a úsáidtear in eangach leictreachais na hÉireann, laghdóidh astaíochtaí a bhaineann le leictreachas astaíochtaí carbóin BOOLM go suntasach. Laghdóidh oibreacha aisfheistithe, mar atá treoraithe ag iniúchtaí fuinnimh a dhéantar i gcomhréir le IR426:2014, astaíochtaí carbóin tuilleadh agus feabhsóidh siad éifeachtúlacht fuinnimh, agus laghdóidh suiteáil painéal gréine ar fud na punainne astaíochtaí leictreachais i scoileanna tuilleadh, ach tá gá le hoibreacha breise chun an sprioc seo a bhaint amach.

Is as uirlis Bearna go Sprioc ÚFIÉ a thagann Fíor 5, a nuashonraítear go bliantúil i gcomhréir le ceanglais an phlean gníomhaithe ar son na haeráide chun dul chun cinn BOOLM i gcoinne ár spriocanna aeráide a thomhas go leanúnach.

# Oibreacha Deise chun Astaíochtaí Carbóin a Laghdú

Tuigeann BOOLM gur ríthábhachtach oibreacha dícharbónaithe agus éifeachtúlachta chun spriocanna aeráide a bhaint amach. Rinneadh iniúchtaí fuinnimh ar 85% den úsáid fuinnimh sa phunann i gcomhréir le caighdeán IR426:2014 agus tá roinnt oibreacha molta. Is meastachán iad na laghduithe fuinnimh ríofa agus beidh siad faoi réir athbhreithnithe níos mionsonraithe nuair a chuirfear i bhfeidhm iad. Chomh maith leis na tionscadail atá molta, déanfar athbhreithnithe creatlach foirgnimh ar na foirgnimh is déine ó thaobh úsáid fuinnimh de, mar aon le hiniúchtaí fuinnimh breise chun an 15% eile d'úsáid fuinnimh BOOLM a chlúdach. Tá na tionscnaimh uile atá sa tábla thíos curtha san áireamh sa mhúnla Bearna go Sprioc chun a aithint conas a chabhraíonn na hoibreacha seo lenár spriocanna a bhaint amach.

## Ionaid BrOO

Tábla 2: Oibreacha Ionad BrOO BOOLM a laghdóidh ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin mar atá san áireamh sa tsamhail Bearna go Sprioc do 2030

| Tionscnaimh Dícharbónaithe agus Éifeachtúlachta Fuinnimh - Ionaid BrOO BOOLM | Cineál fuinnimh | Bliain Forfheidhmithe | kWh bainte | % 2023 Ídiú Deiridh Iomlán | kgCO2e bainte |
|---|---|---|---|---|---|
| Uasghráduithe Córais Uathoibrithe agus Rialaithe Foirgneamh (CURF) i gcomhréir le Treoir Theicniúil maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (FFF) 2021 do chóras Téimh >70 kW | Ilghnéitheach | 2028 | | | |
| Uasghráduithe Foirgneamh | Gás Nádúrtha | | 6,947 | 0.1% | 1,409 |
| Rialuithe | Leictreachas | | 70, 964 | 1.3% | 18,090 |
| Rialuithe | Ola | | 22,330 | 2.4% | 5,895 |
| Téamh | Leictreachas | | 82,563 | 1.5% | 21,034 |
| Téamh | Ola | | 11,265 | 1.2% | 2,948 |
| Uisce Te | Leictreachas | | 5,046 | 0.2% | 1,286 |
| Uisce Te | Ola | | 63,289 | 6.8% | 16,708 |
| Uisce Te | Gás Nádúrtha | | 49,565 | 0.9% | 11,314 |
| Soilse | Leictreachas | | 78,133 | 1.4% | 19,908 |
| Fótavoltachas (FV) gréine | Leictreachas | | 241,972 | 4.3% | 61,688 |
| Aerú | Leictreachas | | 20,322 | 0.4% | 5,177 |
| Uasghráduithe Fuinneog | Leictreachas | | 5,036 | 0.1% | 1,283 |
| Uasghráduithe Fuinneog | Gás Nádúrtha | | 25,209 | 0.5% | 5,115 |
| Uasghráduithe Fuinneog | Ola | | 106,445 | 11.5% | 28,101 |
| Tástáil ar Chreatlach agus ar Aerdhíonacht Foirgneamh | Ilghnéitheach | | Le deimhniú | | |
| Iomlán | | | 788,986 kWh | | 200.0 tonna CO2e |



## Scoileanna

Tábla 3: Oibreacha Scoile BOOLM a laghdóidh ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin mar atá san áireamh sa tsamhail Bearna go Sprioc do 2030

| Tionscnaimh Dícharbónaithe agus Éifeachtúlachta Fuinnimh - Scoileanna BOOLM | Cineál fuinnimh | Bliain Forfheidhmithe | kWh bainte | % 2023 Ídiú Deiridh Iomlán | kgCO2e bainte |
|---|---|---|---|---|---|
| Uasghráduithe CURF i gcomhréir le Treoir Theicniúil FFF 2021 do chóras Téimh >290 kW | Gás Nádúrtha | 2025 | | | |
| Uasghráduithe Córais Uathoibrithe agus Rialaithe Foirgneamh (CURF) i gcomhréir le Treoir Theicniúil maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (FFF) 2021 do chóras Téimh >70 kW | Gás Nádúrtha | 2028 | | | |
| Uasghráduithe Foirgneamh | Leictreachas | | 31,101 | 0.5% | 7,924 |
| Uasghráduithe Foirgneamh | Gás Nádúrtha | | 173,516 | 3.2% | 35,206 |
| Rialuithe | Leictreachas | | 106,610 | 1.9% | 27,050 |
| Rialuithe | Gás Nádúrtha | | 291,704 | 5.4% | 59,187 |
| Téamh | Gás Nádúrtha | | 12,231 | 0.2% | 2,482 |
| Uisce Te | Leictreachas | | 5,231 | 0.1% | 1,102 |
| Uisce Te | Gás Nádúrtha | | 157,019 | 2.9% | 33,068 |
| Soilse | Leictreachas | | 163,187 | 2.9% | 41,580 |
| Fótavoltachas (FV) gréine | Leictreachas | | 172,374 | 3.0% | 43,114 |
| Uasghráduithe Fuinneog | Leictreachas | | 559 | 0.0% | 142 |
| Uasghráduithe Fuinneog | Gás Nádúrtha | | 256,729 | 4.7% | 52,090 |
| Tástáil ar Chreatlach agus ar Aerdhíonacht Foirgneamh | Ilghnéitheach | | Le deimhniú | | |
| Iomlán | | | 1,369,810 kWh | | 302.9 tonna CO2e |

## Oifigí

Tábla 4: Oibreacha Cheannoifig BOOLM a laghdóidh ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin mar atá san áireamh sa tsamhail Bearna go Sprioc do 2030

| Tionscnaimh Dícharbónaithe & Éifeachtúlachta Fuinnimh - Oifigí BOOLM | Cineál fuinnimh | Bliain Forfheidhmithe | kWh bainte | % 2023 Ídiú Deiridh Iomlán | kgCO2e bainte |
|---|---|---|---|---|---|
| Téamh | Ola | | 112,803 | 12.2% | 28,990 |
| Soilse | Leictreachas | | 14,762 | 0.3% | 3,761 |
| Fótavoltachas (FV) gréine | Leictreachas | | 29,110 | 0.5% | 7,416 |
| Fuinneoga | Gás Nádúrtha | | 1,861 | 0.0% | 378 |
| Fuinneoga | Ola | | 8,249 | 0.9% | 2,120 |
| Tástáil ar Chreatlach agus ar Aerdhíonacht Foirgneamh | Ilghnéitheach | | Le deimhniú | | |
| Iomlán | | | 166,785 kWh | | 42.7 tonna CO2e |





# Anailís Éifeachtúlachta Fuinnimh




Fíor 6: Graf a léiríonn laghdú Éifeachtúlachta Fuinnimh BOOLM i gcoinne bhonnlíne 2009 ó 2009 go 2023, is as uirlis M&T ÚFIÉ an graf

Léiríonn Fíor 6 éifeachtúlacht fuinnimh BOOLM, bunaithe ar Tháscaire Feidhmíochta Fuinnimh (TFF) d'úsáid fuinnimh in aghaidh an dalta de réir threoir na Roinne Oideachais. Tá feabhsuithe suntasacha déanta ag BOOLM ar éifeachtúlacht fuinnimh ó 2009 i leith, agus tá siad ar an mbealach chun an sprioc a bhaint amach. Ó 2023 i leith, tá BOOLM tar éis an sprioc maidir le laghdú 50% ar TFF a shárú, tar éis laghdú 51.7% a bhaint amach ón mbonnlíne.

# Anailís ar Úsáideoirí Suntasacha Fuinnimh

## Ionaid BrOO




Fíor 7: Na 10 nÍditheoir Leictreachais BOO is Mó in 2023 bunaithe ar shonraí a tuairiscíodh do M&T

Léiríonn Fíor 7 na 10 n-úsáideoir leictreachais is mó in Ionaid BrOO BOOLM. Is as sonraí 2023 a cuireadh isteach in uirlis M&T ÚFIÉ a thagann na sonraí sa ghraf seo agus léiríonn sé an leictreachas iomlán a úsáideadh i ngach foirgneamh.




Fíor 8: 8 nÍditheoir Breosla Iontaise BrOO is mó in 2023 bunaithe ar shonraí a tuairiscíodh do M&T

Léiríonn Fíor 8 na 8 n-úsáideoir breosla iontaise is mó in Ionaid BrOO BOOLM. Tagann sonraí sa ghraf seo ó shonraí 2023 a cuireadh isteach in uirlis M&T ÚFIÉ agus léiríonn sé an méid iomlán breoslaí iontaise a úsáideadh i ngach foirgneamh, lena n-áirítear Gás Nádúrtha, Gás-Ola, agus Própán.






Fíor 9: Na 10 nÍditheoir Fuinnimh BrOO Iomlána is Mó in 2023 bunaithe ar shonraí a tuairiscíodh do M&T

Léiríonn Fíor 9 na 10 n-úsáideoir fuinnimh is mó in Ionaid BrOO BOOLM. Tagann sonraí sa ghraf seo ó shonraí 2023 a cuireadh isteach in uirlis M&T ÚFIÉ agus léiríonn sé an méid iomlán leictreachais agus breoslaí iontaise a úsáideadh i ngach foirgneamh.

## Scoileanna




Fíor 10: Na 10 nÍditheoir Leictreachais Scoile is Mó in 2023 bunaithe ar shonraí a tuairiscíodh do M&T

Léiríonn Fíor 10 na 10 n-úsáideoir leictreachais is mó in Ionaid BrOO BOOLM. Is as sonraí 2023 a cuireadh isteach in uirlis M&T ÚFIÉ a thagann na sonraí sa ghraf seo agus léiríonn sé an leictreachas iomlán a úsáideadh i ngach foirgneamh.




Fíor 11: Na 10 nÍditheoir Breosla Iontaise is Mó i Scoileanna in 2023 bunaithe ar shonraí a tuairiscíodh do M&T

Léiríonn Fíor 11 na 8 n-úsáideoir breosla iontaise is mó in Ionaid BrOO BOOLM. Tagann sonraí sa ghraf seo ó shonraí 2023 a cuireadh isteach in uirlis M&T ÚFIÉ agus léiríonn sé an méid iomlán breoslaí iontaise a úsáideadh i ngach foirgneamh, lena n-áirítear Gás Nádúrtha, Gás-Ola, agus Própán.




Fíor 12: Na 10 nÍditheoir Fuinnimh Scoile is Mó in 2023 bunaithe ar shonraí a tuairiscíodh do M&T

Léiríonn Fíor 12 na 10 n-úsáideoir fuinnimh is mó in Ionaid BrOO BOOLM. Tagann sonraí sa ghraf seo ó shonraí 2023 a cuireadh isteach in uirlis M&T ÚFIÉ agus léiríonn sé an méid iomlán leictreachais agus breoslaí iontaise a úsáideadh i ngach foirgneamh.






Fíor 13: Miondealú ar Úsáid Leictreachais de réir úsáid foirgnimh, bunaithe ar shonraí 2023 mar a tuairiscíodh do M&T

Fíor 13: Miondealú ar Úsáid Leictreachais de réir úsáid foirgnimh, bunaithe ar shonraí 2023 mar a tuairiscíodh do M&T




Fíor 14: Miondealú ar Úsáid Breoslaí Iontaise de réir úsáid foirgnimh, bunaithe ar shonraí 2023 mar a tuairiscíodh do M&T

Fíor 14 Miondealú ar Úsáid Breoslaí Iontaise de réir úsáid foirgnimh, bunaithe ar shonraí 2023 mar a tuairiscíodh do M&T




Fíor 15: Miondealú Fuinnimh de réir úsáid foirgnimh, bunaithe ar shonraí 2023 mar a tuairiscíodh do M&T

Fíor 15 Miondealú ar Úsáid Iomlán Fuinnimh de réir úsáid foirgnimh, bunaithe ar shonraí 2023 mar a tuairiscíodh do M&T

Léiríonn Fíor 13 an úsáid leictreachais ag Ionaid BrOO, Scoileanna agus Oifigí i bpunann BOOLM. Is as sonraí 2023 a cuireadh isteach in uirlis M&T ÚFIÉ a thagann na sonraí sa ghraf seo.

Léiríonn Fíor 14 úsáid breosla iontaise ag Ionaid BrOO, Scoileanna agus Oifigí i bpunann BOOLM, lena n-áirítear Gás Nádúrtha, Gás-OLA agus Própán. Is as sonraí 2023 a cuireadh isteach in uirlis M&T ÚFIÉ a thagann na sonraí sa ghraf seo.

Léiríonn Fíor 15 an úsáid fuinnimh iomlán ag Ionaid BrOO, Scoileanna agus Oifigí i bpunann BOOLM, lena n-áirítear leictreachas agus breoslaí iontaise. Is as sonraí 2023 a cuireadh isteach in uirlis M&T ÚFIÉ a thagann na sonraí sa ghraf seo.

# Ár Spriocanna a Chomhlíonadh



Tá na spriocanna a leag an rialtas amach iomlán docht; ciallaíonn sé seo nach bhfuil aon fhoráil uasteorann ceadaithe do leathnú amach anseo ar eastát BOOLM, agus caithfear gach aon chóiríocht do scoileanna nua nó oideachas breise a theastaigh agus a cuireadh leis ón mbliain 2018 ar aghaidh a chur leis an spriocfhigiúr. Ardaíonn sé seo an caighdeán agus méadaíonn sé méid an dúshláin do BOOLM chun na spriocanna a leag an Rialtas amach a bhaint amach. Caithfidh BOOLM a eastát agus loirg foirgníochta a mhéadú chun freastal ar an daonra atá ag fás agus ar mhéadú ar líon na daltaí i scoileanna i réigiún Chontae Lú agus Chontae na Mí.

Chun spriocanna BOOLM a bhaint amach, tá maoiniú mór ag teastáil ó thionscadail faoi leith a bhaineann le fuinneamh agus acmhainní breise chun dul i ngleic leis na foirgnimh atá ann cheana féin, cibé an faoi úinéireacht, ar léas nó faoi cheadúnas atá siad, atá mar chuid d'eastát BOOLM. Tá BOOLM ar an eolas gurb é seo an áit ina bhfuil an fíordhúshlán. Ag leibhéal straitéiseach, tá sé ar intinn ag BOOLM féidearthachtaí comhoibrithe le comhlachtaí poiblí eile a fhiosrú, tacaíochtaí dírithe ar earnálacha agus maoiniú píolótach spriocdhírithe a iniúchadh.

Leanfaidh BOOLM ag faire ar dheiseanna maoinithe agus, i gcás ina gcáilíonn siad, déanfaidh siad iarratais ar na scéimeanna/tionscnaimh rialtais seo. Más féidir, bainfidh BOOLM úsáid as a n-acmhainní féin. Tá maoiniú do thionscadail chaipitil, lena n-áirítear aisfheistithe etc., ag brath ar dheiseanna maoinithe, tacaíochtaí agus formheasanna ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta dár nEarnáil.

Déanfaidh BOOLM iarratas ar mhaoiniú faoin Scéim Oibreacha Samhraidh um Ghníomhú ar son na hAeráide (SOSGA) de chuid na Roinne Oideachais. Táthar ag súil go gcabhróidh an scéim le cuid de na hoibreacha a shainaithnítear sa Treochlár seo mar oibreacha riachtanacha i scoileanna a chur i gcrích.



Tá Coláiste Dhún Búinne de chuid BOOLM ar cheann de roinnt mórthionscadail tógála atá ag dul chun cinn trí na cláir nua Infheistíochta Caipitil a sheol RBATNE don earnáil breisoideachais agus ardoideachais. Beidh tionchar breise ag na tionscadail thógála seo ar Eastát BOOLM agus ar lorg foirgníochta agus tá siad riachtanach chun aonad gnó cíosa nach bhfuil oiriúnach a athsholáthar le spásanna oideachais atá oiriúnach dá bhfeidhm agus chun cur ar chumas BOOLM na seirbhísí riachtanacha a sholáthar chun freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna na hearnála Breisoideachais i réigiún Chontae Lú agus Chontae na Mí.

Tá maoiniú faighte i bprionsabal ag foirgnimh scoile nua agus ag síntí ar fhoirgnimh a faomhadh faoi Chlár Tógála Scoileanna na Roinne Oideachais agus iad ag dul chun cinn trí chéimeanna tionscadail an Chreata Bainistíochta Oibreacha Caipitil (CBOC). Comhlíonfaidh tionscadail tógála scoile a faomhadh faoi na Scéimeanna Foirgníochta éagsúla, atá ag dul chun cinn faoi láthair sna céimeanna dearaidh, Doiciméid Treorach Theicniúla (DTT) na Roinne Oideachais agus, leis sin a dhéanamh, uasmhéadóidh siad dícharbónú agus fuinneamh in-athnuaite agus ag an am céanna, leanfaidh siad orthu ag cur an chláir i bhfeidhm chun freastal ar an ngá práinneach a thagann ó easnaimh chóiríochta. Meastar go mbeidh na foirgnimh nuathógtha faoi na cláir nua Infheistíochta Caipitil de chuid RBATNE den chineál FNF is fearr agus go mbeidh an rátáil RFF is airde is féidir orthu agus iad críochnaithe, agus spriocanna fuinnimh in úsáid chun tosaigh. Tá tionscadail BOOLM faofa cheana féin faoi na scéimeanna seo, tá maoiniú i bprionsabal faighte maoiniú, agus déanfar na costais a mhodhnú de réir mar a théann siad chun cinn trí chéimeanna tionscadail an CBOC.



Tar éis próiseas comhairliúcháin idir SOLAS agus na haonaid Caipitil RBATNE, forbraíodh an Deontas Caipitil Cineachta Glas (DCC Glas) don earnáil BrOO chun tacú le cur i bhfeidhm beartais laghdaithe fuinnimh agus astaíochtaí agus chun laghdú a dhéanamh ar lorg carbóin i gcomhréir leis an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide don Earnáil Phoiblí. Tá an leithdháileadh maoinithe seo beartaithe chun tacú le hiarrachtaí BOOLM feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú agus astaíochtaí a laghdú sna foirgnimh Bhreisoideachais agus Oiliúna atá faoi úinéireacht BOOLM. Cuirfidh an ciste ar chumas BOOLM bearta spriocdhírithe a dhéanamh chun an bhearna go dtí an sprioc a dhúnadh agus dul chun cinn a dhéanamh chun spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach. Tá BOOLM tar éis oibreacha a shainaithint i gcomhréir le riachtanais an Deontais Caipitil Cineachta Ghlais trí ÚFIÉ agus SOLAS. Tá sé beartaithe go dtacóidh deontais le laghdú ar éileamh fuinnimh trí roinnt beart, ar nós iarchoimisiniú, bainistíocht feabhsaithe fuinnimh, bearta oibríochta éifeachtúlachta fuinnimh agus tuilleadh nach iad/.

Críochnaíodh iniúchtaí IR426 le déanaí ar fud scoileanna, ionaid BrOO agus oifigí BOOLM, agus 85% d'fheidhmíocht fuinnimh BOOLM san áireamh. Sainaithníodh 22 de na 65 foirgneamh atá á n-áitiú ag BOOLM (faoi úinéireacht nó ar léas) mar chuid den chéatadán seo d'úsáid fuinnimh, agus déanfar iniúchadh ar gach foirgneamh i gcomhréir le riachtanais IR426, agus gach sócmhainn a úsáideann fuinneamh san áireamh, bonneagar foirgníochta, córais téimh, soilsiú, agus fearais leictreacha ina measc. Eisíodh achoimre ar thuarascáil chomhlíonta IR426 agus tá tábla moltaí curtha le chéile chun bonn eolais a chur faoin bplean stoc foirgnimh chun ár spriocanna do 2030 agus 2050 a bhaint amach.

Tá na moltaí ó na hiniúchtaí seo á gcur lenár gclár oibre chun ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus tá iniúchtaí breise coimisiúnaithe chun an 15% eile den úsáid fuinnimh sa phunann a chlúdach.

# Ceanglais Dhlíthiúla

Díríonn an Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide ar riachtanais an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 a chomhlíonadh nó dul thar na ceanglais sin. Mar sin féin, ní mór do chomhlachtaí poiblí a bheith ar an eolas faoi na ceanglais dhlíthiúla a bhaineann le gníomhú fuinnimh agus gníomhú ar son na haeráide agus aitheantas a thabhairt dóibh seo ina bpleananna oibre. Áirítear leis na ceanglais seo a leanas:

- An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, lena gceanglaítear ar gach comhlacht poiblí a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá comhsheasmhach le huaillmhian aeráide na hÉireann.
- IR394/2021 Feidhmíocht Fuinnimh foirgneamh, lena n-éilítear suiteáil Uathoibrithe agus Rialaithe Foirgnimh faoi 2025, i gcás foirgneamh a bhfuil aschur rátáilte SAAV os cionn 290kW acu; Éilíonn sé suiteáil pointí luchtaithe feithiclí leictreacha i gcarrchlóis d'fhoirgnimh nua nó athchóirithe ina bhfuil níos mó ná 10 spás páirceála.
- IR381/2021 Treoir maidir le Feithiclí Glana, ina leagtar síos spriocanna maidir le soláthar feithiclí glana éadromshaothair agus tromshaothair, agus an chéad sprioc le bheith i bhfeidhm sa bhliain 2025 agus an dara ceann sa bhliain 2030. Athraíonn an sainmhíniú ar fheithicil ghlan go feithiclí saor ó astaíochtaí in 2025.
- IR4/2017 Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, a cheanglaíonn ar gach foirgneamh nua san earnáil phoiblí a tógadh ó 2018 a bheith "beagnach nialasach ó thaobh astaíochtaí de".
- IR646/2016, a cheanglaíonn ar chomhlachtaí poiblí táirgí agus feithiclí a úsáideann fuinneamh a fháil atá ar an gclár Trealaimh Leictrigh agus Leictreonaigh.
- IR426/2014, a cheanglaíonn ar an earnáil phoiblí bainistíocht fuinnimh eiseamláireach a léiriú agus a cheanglaíonn ar chomhlachtaí poiblí iniúchtaí fuinnimh a dhéanamh gach ceithre bliana.



In PGA24, tá sainordú soiléir ag an earnáil phoiblí chun ceannaireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht aeráide. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an Rialtas d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí:

- Laghdú 51% ar an tonnáiste iomlán i gcomparáid le bonnlíne (meán) 2016-2018 faoi 2030.
- Astaíochtaí Raon Feidhme 1 - Astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha a bhaineann le fuinneamh (i.e., teirmeach agus iompar),
- Astaíochtaí Raon Feidhme 2 - Laghduithe réamh-mheasta ar thaobh an tsoláthair in astaíochtaí indíreacha a bhaineann le fuinneamh (i.e., leictreachas),
- Feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030, i gcomparáid le bonnlíne 2009. Astaíochtaí glan-nialasacha tráth nach déanaí ná 2050.
- Córas M&T ÚFIÉ a nuashonrú go rialta chun Astaíochtaí GCT agus gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta a thuairisciú chun spriocanna 2030 agus 2050 a bhaint amach.
- Roghnaigh tionscadail le haghaidh clár aisfheistithe chun ár stoc foirgneamh a dhícharbónú agus an phunann a aisfheistiú ar chaighdeáin arda fuinnimh.

Ní mór do gach comhlacht poiblí a chaitheann níos mó ná €2 mhilliún in aghaidh na bliana ar fhuinneamh deimhniú ISO50001 a bhaint amach faoi dheireadh 2024 mar atá leagtha síos i dTreoirlínte um Ghníomhú ar son na hAeráide do Chomhlachtaí na hEarnála Poiblí (Féach Ár mBealach Oibre – Córais Bainistíochta Fuinnimh agus Comhshaoil le haghaidh tuilleadh sonraí).

Tuigeann BOOLM ón Treoir leasaithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2023 (TÉF) go gcaithfidh an Earnáil Phoiblí tríd is tríd laghdú 1.9% a bhaint amach in ídiú fuinnimh in aghaidh na bliana go dtí 2030 bunaithe ar bhonnlíne 2021, agus ní mór ar a laghad 3% d'achar urláir iomlán na bhfoirgneamh téite agus/nó fuaraithe ar le comhlachtaí poiblí iad a athchóiriú gach bliain chuig FNF. I gcás foirgneamh atá ar léas ag comhlachtaí poiblí, déanfaidh siad idirbheartaíocht leis an úinéir nuair a shroicheann siad pointe spreagtha amhail athnuachan cíosa, athrú úsáide, deisiúcháin shuntasacha nó oibreacha cothabhála, chun an foirgneamh a uasghrádú go caighdeáin FNF nó Foirgneamh Astaíochtaí Nialasacha (FAN).

Faoi TÉF leasaithe 2023, caithfear fardal de gach foirgneamh atá téite nó fuaraithe atá faoi úinéireacht nó i seilbh Comhlachtaí Poiblí le limistéar urláir níos mó ná 250m2 a fhoilsiú faoi Dheireadh Fómhair 2025 agus é a nuashonrú gach dhá bhliain. Ina theannta sin, caithfear RFF agus Deimhnithe Fuinnimh Taispeána (DFT) do na foirgnimh seo a chur ar fáil don phobal. Faoi Airteagal 11 den TÉF, beidh ar ghnólachtaí a úsáideann níos mó ná 10 TJ fuinnimh a bheith faoi réir iniúchtaí fuinnimh, agus beidh ar ghnólachtaí a sháraíonn 85 TJ Córas Bainistíochta Fuinnimh a chur i bhfeidhm faoin 11 Deireadh Fómhair 2027.

Faoin Treoir Leasaithe maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (TFFF) a eisíodh i Márta 2024, caithfidh Éire an treoir a thrasuí i ndlí na hÉireann laistigh de dhá bhliain óna heisiúint. Agus an reachtaíocht Éireannach fós a dréachtaí, áirítear ar na príomhriachtanais Caighdeán Feidhmíochta Fuinnimh Uasta le haghaidh uasteorainn úsáide fuinnimh foirgnimh arna sloinneadh in kWh m2/bliain. Táthar ag súil go n-áireofar leis na sainorduithe seo ceanglais chun feabhas a chur ar fhoirgnimh rátáilte G, F, E, agus cuid de na foirgnimh rátáilte D níos ísle ó thaobh RFF de faoi 2030.

Faoin TFFF leasaithe, caithfear athchóirithe a chosnaíonn níos mó ná 25% de luach na sócmhainne nó ina bhfuil athchóiriú ar os cionn 25% den limistéar imchlúdaigh foirgnimh a dhéanamh de réir na gcaighdeán Foirgnimh Astaíochtaí Nialasacha faoin 1 Eanáir 2028.



Faoin TFFF leasaithe, áirítear ar na sainorduithe nua maidir le giniúint fuinnimh gréine:

- Foirgnimh phoiblí nua a bhfuil achar urláir níos mó ná $250m^2$ acu ón 31 Nollaig 2026
- Foirgnimh phoiblí atá ann cheana féin a bhfuil achar urláir níos mó ná $2000m^2$ acu faoin 31 Nollaig 2027
- Foirgnimh phoiblí atá ann cheana féin a bhfuil achar urláir níos mó ná $750m^2$ acu faoin 31 Nollaig 2028
- Foirgnimh phoiblí atá ann cheana féin a bhfuil achar urláir níos mó ná $250m^2$ acu faoin 31 Nollaig 2030
- I gcás ina ndéantar athchóiriú mór ar an bhfoirgneamh, gach foirgneamh neamhchónaitheach a bhfuil achar urláir úsáideach níos mó ná $500m^2$ acu faoin 31 Nollaig 2027

Istigh sa TFFF leasaithe, tá ceanglais maidir le Córais Foirgníochta Teicniúla a uathoibríonn agus a rialaíonn feidhmeanna foirgnimh chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus spriocdhátaí ann chun na córais theicniúla a chur i bhfeidhm bunaithe ar aschur fuinnimh SAAV:

- Faoin 31 Nollaig 2025, ní mór d'fhoirgnimh a bhfuil aschur SAAV níos mó ná 290 kW acu córais uathoibrithe agus rialaithe foirgneamh a shuiteáil a dhéanann monatóireacht ar úsáid fuinnimh agus a fheabhsaíonn rialuithe córas foirgneamh chun úsáid fuinnimh a laghdú mar aon le rialuithe soilsithe uathoibrithe (amhail braiteoir láithreachta agus criosú soilse).
- Faoin 31 Nollaig 2029, ní mór d'fhoirgnimh a bhfuil aschur SAAV níos mó ná 70 kW acu córais uathoibrithe agus rialaithe foirgneamh a shuiteáil a dhéanann monatóireacht ar úsáid fuinnimh agus a fheabhsaíonn rialuithe córas foirgneamh chun úsáid fuinnimh a laghdú mar aon le rialuithe soilsithe uathoibrithe (amhail braiteoir láithreachta agus criosú soilse).
- Ón TFFF leasaithe, ba cheart go mbeadh córais uathoibrithe agus rialaithe foirgneamh in ann monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an chomhshaoil faoi dhíon faoin 29 Bealtaine 2026

# Ár Modh Oibre

## Córais Bainistíochta Fuinnimh agus Comhshaoil

Tá BOOLM ag leanúint cleachtais bainistíochta fuinnimh eiseamláireacha a ndéantar measúnú orthu gach bliain trí chomhpháirtíocht ÚFIÉ.

Tá cláir bainistíochta fuinnimh á gcur i bhfeidhm in oifigí, i scoileanna agus i bhfoirgnimh BrOO, chun ídiú fuinnimh a laghdú agus spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh a bhaint amach. Tairgeadh cúrsaí Fuinnimh san Oideachas do bhaill foirne scoile agus BrOO chun tacú le foirne glasa i scoileanna agus in ionaid BrOO chun tacú le dea-bhainistíocht fuinnimh, costais fuinnimh a íoslaghdú, agus ceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh.

Chun bonn eolais níos mó a chur faoi chleachtais bainistíochta fuinnimh, tá iniúchtaí curtha i gcrích ag BOOLM chun 85% den úsáid fuinnimh a chlúdach ar fud na punainne de réir riachtanais IR426:2014. Tá BOOLM i mbun iniúchtaí fuinnimh ar na foirgnimh atá fágtha freisin. Úsáidtear an fhaisnéis ó na tuarascálacha seo chun aird a tharraingt ar láidreachtaí i gcleachtais fuinnimh, laigí i gcórais fuinnimh a aithint, aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar spriocanna aeráide agus fuinnimh, agus deiseanna a bharrfheabhsú chun foirgnimh agus cleachtais a fheabhsú.

Cuirfidh BOOLM measúnuithe bainistíochta Fuinnimh sa Timpeallacht Oideachais i bhfeidhm i ngach scoil agus ionad BrOO, le tacaíocht ó na foirne glasa i scoileanna agus in Ionaid BrOO agus an Oiliúint Fuinnimh san Oideachas a chuirtear ar fáil don fhoireann.

Tá BOOLM tiomanta do Chóras Bainistíochta Fuinnimh a bhunú i gcomhréir le ISO50001:2018

# Digitiú Próiseas

Tá polasaí curtha i bhfeidhm ag BOOLM ó Bhealtaine 2024 a fhágann go gcaithfidh 100% den pháipéar a fhaightear agus a úsáidtear in BOOLM a bheith 100% athchúrsáilte. Cuireadh an fhoireann ar an eolas faoin mbeartas seo nuair a cuireadh i bhfeidhm é agus cuireadh oiliúint ar líne ar fáil dóibh trí sheisiúin faisnéise na hOifige um Sholáthar Rialtais maidir leis an Seisiún Faisnéise "Soláthar Páipéir Oifige Ilchuspóirigh le haghaidh Priontála agus Fótachóipeála".

Cuireann an oiliúint seo inbhuanaitheacht agus buntáistí chun cinn d'úsáideoirí maidir le húsáid páipéir athchúrsáilte agus tomhaltas páipéir.

Cuireann BOOLM úsáid sínithe digiteacha chun cinn nuair is féidir chomh maith le cóipeanna boga a eisiúint chun ár dtomhaltas páipéir a laghdú.

Leanfaidh BOOLM de bheith ag déanamh athbhreithniú ar ár bpróisis a dhigitiú chun úsáid páipéir a laghdú ar fud na heagraíochta.



# Soláthar Poiblí Glas

Cé go bhfuil ról ríthábhachtach ag soláthar poiblí chun a chinntiú gur féidir seirbhísí poiblí a sholáthar, déanann oifigigh sholáthair BOOLM le baill eile den fhoireann meastóireachta machnamh ar conas ceannacháin neamhriachtanacha a sheachaint, conas is féidir freastal ar an éileamh ar bhealach nach n-éilíonn ach líon beag earraí nó earraí ar luach níos fearr a cheannach, conas troscán/trealamh a athúsáid nó ábhair a roinnt le haghaidh imeachtaí/cruinnithe. Déanann BOOLM a dhícheall chun a chinntiú go bhfuil na hearraí agus na seirbhísí a cheannaítear oiriúnach dá bhfeidhm agus solúbthacht a chur i gconarthaí agus i gcreataí ionas go léiríonn cineál agus méid an tsoláthair riachtanais atá ag athrú.

Tá Roinn Soláthair BOOLM tiomanta chun tacaíocht a thabhairt do Sholáthar Poiblí Glas agus é a fhorbairt mar is ról ríthábhachtach é seo sa ghluaiseacht a dhéanfaidh Éire i dtreo geilleagar níos glaise. Áirítear ar bhearta SPG (Soláthar Poiblí Glas) ranna soláthair BOOLM:

- Oiliúint Foirne Soláthair SPG
- Monatóireacht a dhéanamh ar chonarthaí bainistíochta dramhaíola i dtéarmaí na rialachán reatha.
- Moladh a dhéanamh nósanna imeachta/treoirlínte SPG a ionchorprú inár ndoiciméad Nósanna Imeachta Soláthair. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an doiciméad seo go náisiúnta faoi láthair agus táimid ag súil go gcuirfear i bhfeidhm é faoi R4, 2024.
- I gcás inar féidir go hoibríochtúil, cuirfidh an Roinn Soláthair feithiclí ar fáil a chomhlíonann sprioc PGA23 maidir le ceannach feithiclí astaíochtaí nialasacha, chomh maith leis na spriocanna íosta a leagtar amach i dTreoir Feithiclí Glana IR381/2021.
- Gníomhartha ábhartha SPG a bhreithniú ag gach céim den phróiseas tairisceana
- Ba cheart go sonrófar i gconarthaí soláthair earnála poiblí le haghaidh seachadta agus iompair gur chóir feithiclí astaíochtaí nialasacha a úsáid nuair is féidir.



Tá BOOLM ag dearadh próisis faoi láthair chun buntáistí comhshaoil agus aeráide soláthair ghlais a thomhas le haghaidh tuairisciú amach anseo i dTreochláir Ghníomhaithe ar son na hAeráide. Cé go bhfuil ról ríthábhachtach ag soláthar poiblí chun a chinntiú gur féidir seirbhísí poiblí a sholáthar, déanann oifigigh sholáthair BOOLM le baill eile den fhoireann meastóireachta machnamh ar conas ceannacháin neamhriachtanacha a sheachaint, conas is féidir freastal ar an éileamh ar bhealach nach n-éilíonn ach líon beag earraí nó earraí ar luach níos fearr a cheannach, conas troscán/trealamh a athúsáid nó ábhair a roinnt le haghaidh imeachtaí/cruinnithe. Déanann BOOLM a dhícheall chun a chinntiú go bhfuil na hearraí agus na seirbhísí a cheannaítear oiriúnach dá bhfeidhm agus solúbthacht a chur i gconarthaí agus i gcreataí ionas go léiríonn cineál agus méid an tsoláthair riachtanais atá ag athrú.

Tá beartais soláthair phoiblí ghlais curtha i bhfeidhm ag BOOLM i gcomhréir le treoirlínte agus critéir Sholáthar Poiblí Glas an GCC.

| | | |
|---|---|---|
| 1 | **RIACHTANAIS ROCHTANA**<br>CUID 4.2 | • Na híosriachtanais a shainaithint<br>• Riachtanais úsáideoirí a thuiscint agus dúshlán a thabhairt fúthu<br>• Raon feidhme le haghaidh breisluach comhshaoil<br>• An gá atá le solúbthacht i raon feidhme/méid a chinneadh |
| 2 | **PLÉIGH LEIS AN MARGADH**<br>CUID 4.3 | • Foilsigh fógra na tairisceana roimh ré<br>• Déan taighde ar sholáthraithe agus ar tháirgí ábhartha<br>• Pléigh le soláthraithe ábhartha<br>• Oiriúnaigh sonraíochtaí nó téarmaí tagartha |
| 3 | **DEAR AN TAIRISCINT**<br>CUID 4.4 | • Roghnaigh an nós imeachta is oiriúnaí<br>• Roghnaigh na critéir SPG is oiriúnaí<br>• Déan athbhreithniú inmheánach/seachtrach chun roghanna a dheimhniú<br>• Foilsigh fógra agus doiciméid tairisceana |
| 4 | **ROGHNAIGH TAIRGEOIRÍ**<br>CUID 4.5 | • I ngach nós imeachta, cuir forais eisiata SPG i bhfeidhm<br>• más infheidhme, cuir critéir roghnúcháin SPG i bhfeidhm<br>• bunaithe ar chumas teicniúil agus gairmiúil<br>• Iarr tuilleadh fianaise ar chomhlíonadh más gá |
| 5 | **DÉAN MEASÚNÚ AR THAIRISCINTÍ**<br>CODANNA 4.6 & 4.7 | • Déan measúnú ar chomhlíonadh sonraíochtaí glasa<br>• Déan measúnú ar chritéir dhámhachtana ghlasa<br>• Fíoraigh éilimh tairgeoirí i dtaca le SPG<br>• Cuir costas saolré i bhfeidhm má tá sé san áireamh sa tairiscint |
| 6 | **COMHLÁNAIGH AN CONRADH**<br>CUID 4.8 | • Cuir fógra chuig tairgeoirí faoi thoradh na meastóireachta<br>• Cuir tréimhse neamhghníomhaíochta i bhfeidhm más infheidhme<br>• Cuir téarmaí an chonartha i gcrích leis an tairgeoir rathúil<br>• Tairg faisnéisiú ar ghnéithe SPG den tairiscint |
| 7 | **DÉAN MONATÓIREACHT AR FHEIDHMÍOCHT**<br>CUID 4.9 | • Bunaigh nósanna imeachta inmheánacha chun monatóireacht a dhéanamh ar SPG<br>• Reáchtáil cruinnithe athbhreithnithe conartha go rialta<br>• Sainaithin aon saincheisteanna comhlíontachta, déan measúnú orthu agus cuir ar aghaidh iad chuig leibhéal níos airde<br>• Comhaontaigh bearta feabhsúcháin leanúnacha |

Úsáideann BOOLM uirlis Chuardaigh Critéir um Sholáthar Poiblí Glas ar líne de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) le haghaidh conarthaí atá bunaithe go lárnach le haghaidh earraí agus seirbhísí. Reáchtáiltear na comórtais seo arna riar ag OSR i gcomhréir le Treoirlínte Sholáthar Poiblí Glas an GCC. Cloíonn comórtais soláthair BOOLM go hiomlán le gach beartas agus ciorclán ábhartha Rialtais maidir le ceanglais ghlasa a ionchorprú ina gcomórtais soláthair phoiblí i gcomhréir le Treoirlínte Sholáthar Poiblí Glas an GCC.

Oibríonn Roinn Soláthair BOOLM chun cur chuige inbhuanaithe a chur chun cinn i leith gníomhaíochtaí soláthair ó thaobh ábhair imní chomhshaoil de. Faoi láthair, ionchorpraíonn an Roinn Soláthair inbhuanaitheacht comhshaoil i gcomórtais Soláthair trí na modhanna seo a leanas a úsáid:

- An Tairiscint is Buntáistí ó thaobh na hEacnamaíochta de – critéir dhámhachtana a ionchorprú i dtaca le SPG. Beidh an raon feidhme agus an t-ualú cuí don chritéar seo éagsúil ag brath ar chineál na tairisceana agus déantar breithniú air chun an t-ualú cuí a chinneadh.
- Critéir Roghnúcháin – ní mór do thairgeoirí a dhearbhú go bhfuil córas bainistíochta comhshaoil iomchuí á oibriú.
- Sonraíochtaí – cuirtear ceanglais san áireamh laistigh den tsonraíocht a laghdóidh tionchar comhshaoil.

Áirítear critéar dámhachtana critéar glas i ngach soláthar earraí agus seirbhísí a dhéanann BOOLM.



Ní mór do thairgeoirí a léiriú go soiléir agus go cuimsitheach conas a chinnteoidh siad inbhuanaitheacht i soláthar seirbhísí. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh ach níl sé teoranta dóibh:

- Léirigh na bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus na coigiltis fuinnimh a bheartaíonn d'eagraíocht a chur i bhfeidhm le linn ré an chonartha.
- Léirigh conas a bheartaíonn an eagraíocht athchúrsáil, pacáistiú, iompar, dramhaíl agus táirgí ré caite a bhainistiú. Cuir sonraí ar nós ballraíocht in REPAK nó a chomhionann agus DLL (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach) nó a chomhionann san áireamh, chun tionchar comhshaoil a laghdú.
- Modhanna tógála ísealcharbóin agus ábhar stroighne ísealcharbóin a shonrú a mhéid is féidir i gcás tionscadal tógála a sholáthraítear nó a fhaigheann tacaíocht dhíreach ó 2023 ar aghaidh.
- A shonrú i gcás go bhfuil gá le seachadadh nó iompar ba cheart feithiclí astaíochtaí nialasacha a úsáid nuair is féidir

Ceanglaítear ar thairgeoirí an scór íosta a bhaint amach don chritéar seo agus bronntar marcanna bunaithe ar an bhfreagra a fhaightear.

Déanann agus BOOLM tagairt don inneall cuardaigh SPG a chabhraíonn le critéir SPG a chlúdaíonn na deich n-earnáil tosaíochta seo a leanas agus déanfaidh sé é sin i gcónaí:



Áirítear leis an mBeartas Soláthair atá ag BOOLM faoi láthair ceanglais ar nós na nithe seo a leanas:

- Ba chóir go mbeadh conarthaí soláthair fuinnimh ó sholáthraithe a thairgeann ráthaíochtaí maidir le bunús fuinnimh in-athnuaite, go hidéalach foinsí fuinnimh 100% in-athnuaite
- Ceanglais íosta feidhmíochta maidir le ceannach fuinnimh trí úsáid a bhaint as táirgí amhail soilse, oighinn leictreacha, aonaid aerchóirithe, fearais chuisniúcháin, meaisíní níocháin mias, meaisíní níocháin agus triomadóirí, teilifíseáin, fearais TF, srl.

Tá BOOLM ag déanamh athbhreithniú ar a chur chuige soláthair faoi láthair chun meáchan scórála a áireamh do chonarthaí nach n-aithníonn sonraíochtaí a laghdóidh tionchar comhshaoil amháin, ach ar féidir leo na buntáistí comhshaoil nó aeráide a bhaintear amach a ríomh, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:

- Astaíochtaí laghdaithe
- Foinsiú áitiúil
- Athúsáid ábhar



# Modhanna Tógála Ísealcharbóin

Éilíonn BOOLM modhanna tógála ísealcharbóin agus ábhar stroighne ísealcharbóin le haghaidh tionscadal tógála a fhaightear nó a fhaigheann tacaíocht dhíreach agus tá treoir cruthaithe acu do na modhanna seo agus tá indéantacht modhanna nua tógála ísealcharbóin á meas acu.

Áirítear leis na ceanglais ábhair agus teicneolaíochtaí inbhuanaithe amhail:

- Critéir GCC maidir le hábhair thógála: Critéir náisiúnta fotháirgí le haghaidh asfalt a ghintear ar an láthair agus critéir náisiúnta maidir le deireadh dramhaíola le haghaidh greannmheallta athchúrsáilte
- Adhmad dleathach a fhoinsiú, agus rogha á thabhairt d'adhmad áitiúil agus/nó FSC
- Córas Fuinnimh Foirgnimh a shuiteáil agus a choimisiniú i ngach tionscadal nua
- Ceanglais maidir le Dearbhú Comhshaoil Táirgí agus feistithe agus bailchríocha á roghnú
- Ceanglais Íosta maidir le Deimhniú Feidhmíochta Fuinnimh i bhfearais feistiúcháin

Chun tionchar comhshaoil a laghdú tuilleadh, tá treoirlínte á gcruthú ag BOOLM chun dramhaíl agus acmhainní tógála agus scartála a chosc agus a bhainistiú ón gcéim dheartha agus tríd an tógáil agus an díthógáil le tacaíocht ónár gcomhairleoir TÉF. Cuirtear cosc ar dhramhaíl bhreise tógála trí thosaíocht a thabhairt d'úsáid ábhar tánaisteach nuair is féidir sa phróiseas tógála trí úsáid a bhaint as sásraí rialála an gheilleagair chiorclaigh le haghaidh fotháirgí agus deireadh dramhaíola.

Tá BOOLM ag fiosrú deiseanna oiliúna d'fhoirne dearaidh, foirne soláthair, agus baill foirne ábhartha eile i dtionscadail tógála chun a chinntiú go n-áireofar i dtionscadail tógála amach anseo dearadh machnamhach, sonraíocht táirgí, agus carbón tionscadail, rud a chuirfidh bonn eolais ar faoi bheartais agus treoirlínte dea-chleachtais chun an carbón atá i bpunann BOOLM a íoslaghdú.

# Úsáid Acmhainní

## Bainistiú Dramhaíola Bia

- Éileoidh BOOLM go ndéanfar dramhaíl bhia a thomhas i gconarthaí nua agus athnuaite bia agus ceaintíní, agus ní mór é sin a thuairisciú don scoil, don ionad BrOO, nó don oifig chomhfhreagrach. Tá treoirlínte tomhais agus tuairiscithe á bhforbairt faoi láthair do na conarthaí seo agus cuirfear dramhaíl bhia san áireamh sa tuairisciú faoi mhí na Nollag 2025.
- Ceanglaítear ar gach soláthraí seirbhísí bia agus ceaintín nua agus athnuaite an Chairt um Dhramhaíl Bia a shíniú mar chuid den phróiseas soláthair chun laghdú ar dhramhaíl bhia a éascú
- Tacaigh le Lá Náisiúnta um Stop a Chur le Dramhaíl Bhia ar an 1 Márta chun dramhaíl agus ár lorg carbóin a laghdú
- Roinn acmhainní Stop a chur le Dramhaíl Bhia leis na baill foirne ábhartha

## Páipéar

- Ó Bhealtaine 2024, ní sholáthraíonn BOOLM ach páipéar oifige athchúrsáilte agus fótachóipeáil de réir Shainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí agus na Straitéise agus an Phlean Gníomhaithe um Sholáthar Poiblí Glas do 2024 2027.
- Déanfaidh BOOLM rianú ar thomhaltas páipéir agus ar mhéid an stiallta dhiscréidigh chun monatóireacht a dhéanamh ar rath na gcleachtas atreoraithe páipéir i bpróisis BOOLM.

## Uisce

- Déanfaidh BOOLM monatóireacht ar ídiú uisce ar fud Ionaid BrOO, scoileanna agus oifigí.
- Tá BOOLM ag bunú treochláir chun pointe athlíonta uisce amháin ar a laghad a shuiteáil lena n-áirítear tomhais le haghaidh dramhaíl buidéal atreoraithe.



## Míreanna Aonúsáide

- Tá BOOLM tar éis scor de chupáin, plátaí agus sceanra indiúscartha a úsáid ó mhí na Nollag 2022
- Tá BOOLM ag measúnú a phróisis agus a soláthair faoi láthair chun aon earraí aon úsáide eile a aithint agus treoirlínte a chruthú maidir leis an méid ba cheart a sholáthar ina ionad sin agus tá an t-athbhreithniú seo le críochnú in R1, 2025.

## Laghdú Dramhaíola

- Chuir BOOLM tionscnamh córais bainistíochta dramhaíola i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil nós imeachta bainistíochta dramhaíola i bhfeidhm ag gach oifig BOOLM, gach scoil agus gach ionad BrOO.
- Bunóidh BOOLM plean chun giniúint dramhaíola a rianú. Áireofar leis seo athbhreithniú rialta ar thonnáistí dramhaíola ag gach suíomh, atreorú 100% chuig líonadh talún, agus sainaithint deiseanna chun céatadáin athchúrsála a fheabhsú.
- Cuirfidh gach saoráid BOOLM treoirlínte i bhfeidhm maidir le dramhaíl an Ardáin Athchúrsála Eorpaigh (AAE) a bhaint.

# Ár bhFeithiclí

Is é iompar an fhoinse is mó ídiú fuinnimh in Éirinn. Is soláthraí oideachais agus oiliúna é BOOLM agus mar sin tá an-bheagán feithiclí ina seilbh. Tá BOOLM tiomanta d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha amháin a sholáthar i gcomhréir le ceanglais an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide nuair is féidir.

Tuarascáil BOOLM ar shonraí bliantúla ar thaisteal gnó a tharlaíonn do na blianta 2021 ar aghaidh. Úsáideann ÚFIÉ na sonraí seo chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a eascraíonn as taisteal gnó a ríomh. Is ionann 1.5% dár n-astaíochtaí 2023 agus astaíochtaí a bhaineann le taisteal gnó. Rinne BOOLM taisteal gnó in 2024 agus déanfaidh sé iarracht na hastaíochtaí seo a fhritháireamh i gcomhréir le Ciorclán 1/2020 faoin 28 Feabhra, 2025.

Tá BOOLM tiomanta do roghanna malartacha gluaisteán a chur chun cinn chun ár n-astaíochtaí raon feidhme 3 a laghdú trí thacaíocht a thabhairt do Shoghluaisteacht Chomhroinnte, Rothair, agus Bonneagar Feithiclí Leictreacha.

Táimid tiomanta do thaisteal gníomhach agus inbhuanaithe dár bhfoireann oibre, do mhic léinn agus do chuairteoirí agus táimid ag iarraidh deimhniú Mairc Taistil Chliste a bhaint amach. Tá BOOLM ag déanamh meastóireachta ar an gcóras faoi láthair agus socróidh sé sprioc chun an deimhniú a bhaint amach.

Tá BOOLM ag forbairt cláir faoi láthair chun foscadh rothair a shuiteáil nuair is iomchuí ar fud na punainne. Leanann BOOLM de bheith ag cur chun cinn glacadh leis an Scéim Rothar chun na hOibre agus an Scéim Bhliantúil um Shábháil Cánach chun modhanna iompair ísealcharbóin nó gan aon charbóin a chur chun cinn.

Tá BOOLM ag forbairt cláir chun Luchtairí FL (Feithiclí Leictreacha) a shuiteáil nuair is iomchuí ar fud na bhfillteán. I gcás aon tionscadail nua tógála nó athchóirithe shuntasacha le níos mó ná deich spás páirceála, suiteálfar luchtairí FL.

# Ár bhFoirgnimh



Déanfaidh BOOLM an méid seo a leanas:

- Níos lú fuinnimh a dhíorthaítear ó bhreoslaí iontaise a úsáid agus tá ár mbeartais maidir le soláthar agus dearadh nuashonraithe againn le ceanglais nach mbeidh aon téamh nua ó bhreoslaí iontaise ann tar éis 2023 i bhfoirgnimh nuathógtha nó i dtionscadail mhóra athchóirithe
- Na spriocanna foirgneamh agus aisfheistithe atá leagtha amach sa Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach.
- Leanúint de bheith ag baint leas as saineolas ár mBainisteora Tacaíochta Comhpháirtíochta (BTC) ÚFIÉ atá ceaptha againn chun na réimsí is buntáistí do dhul chun cinn BOOLM i dtreo inbhuanaitheacht comhshaoil a aithint.
- Dul chun cinn feabhsuithe molta ó iniúchtaí IR426:2014 de réir mar is féidir leis an maoiniú atá ar fáil
- Deimhnithe Fuinnimh Taispeána (DFTanna) a fháil do gach foirgneamh atá níos mó ná 250 m2 chun a chinntiú go bhfuil na deimhnithe uile cothrom le dáta agus i riocht maith
- Ón 1 Eanáir 2028, beidh gach foirgneamh nua a thógfaidh BOOLM ina Fhoirgnimh Astaíochta Nialasacha i gcomhréir leis na rialacháin

Tá punann réadmhaoine atá faoi úinéireacht, ar léas agus ceadúnaithe ag BOOLM tiomsaithe i gclár réadmhaoine atá uaslódáilte chuig Clár Foirgníochta ÚFIÉ. Tá na cláir réadmhaoine seo á n-úsáid chun ár bPlean Stoic Foirgníochta a nuashonrú.

Tá BOOLM ag athbhreithniú a chláir faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna atá againn idir astaíochtaí carbóin agus éifeachtúlacht fuinnimh i gcomparáid leis an sprioc. Tá na tionscadail seo agus na laghduithe gaolmhara ar astaíochtaí agus déine fuinnimh cainníochtaithe san uirlis Mhonatóireachta agus Tuairiscithe, agus tá athbhreithnithe breise ar siúl chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna go sprioc atá fágtha. Beidh réimse éagsúil tionscadal á reáchtáil ó thaobh suímh agus ullmhachta de, agus dá bhrí sin cuirfear iad i gcrích de réir a chéile. Tá tionscadail ar na bacáin nach bhfuil coigilteas fuinnimh cainníochtaithe fós iontu. Cuirfear na tionscadail seo leis an tsamhail dícharbónaithe a luaithe a bheidh na sonraí riachtanacha ginte. Toisc gur príomhghné í éifeachtúlacht fuinnimh le haghaidh dícharbónú, áirítear leis an tsamhail dícharbónaithe laghduithe astaíochtaí ó thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh, mar shampla athfheistithe soilse LED.

# Achoimre ar Chlár na nDeiseanna agus na dTionscnamh do Scoileanna agus d'Ionaid BrOO

Tá sampla de na deiseanna chun dul i bhfeidhm ar ár n-éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid breosla iontaise a laghdú, a sainaithníodh de bhun Iniúchtaí Fuinnimh IR426, leagtha amach thíos:

- 30 suiteáil méadraithe chliste agus fomhéadraithe do gach trealamh tromúsáide fuinnimh amhail coirí, téitheoirí tumoideachais uisce te, téitheoirí uisce faoi dhoirteal, seomraí ranga speisialtachta agus seomraí ranga. Úsáidfear an leibhéal monatóireachta seo chun seirbhísí a aithint atá ag rith lasmuigh d'uaireanta oibre chun cur amú fuinnimh a laghdú.
- 11 obair uasghrádaithe ar chreatlach foirgneamh chun coinneáil theirmeach a fheabhsú agus cailliúint teasa a laghdú. Áirítear leis na hoibreacha uasghrádú inslithe ballaí agus síleála agus doirse gaoithe a leigheas.
- 30 uasghrádú ar chórais rialaithe foirgneamh ar fud na punainne chun rialú feabhsaithe ar chórais foirgnimh a cheadú, agus béim ar uathoibriú do shoilse agus cianrialuithe a sholáthar d'fhoirgnimh nach bhfuil seirbhísí láraithe acu, e.g., téitheoirí uisce faoi dhoirteal in ionad córas Uisce Te Tí (UTT) lárnach trí choire, nó téitheoirí stórála in ionad córas radaitheora Uisce Te Íseal-Bhrú (UTÍB) lárnach le clog ama.
- 22Tástáil aerdhíonachta agus íomháú teirmeach chun deiseanna a aithint chun creatlach foirgnimh a fheabhsú



- Athsholáthar téitheoirí stórála leictreacha le córais de chineál sreafa cuisneáin inathraithe (SCI) chun córais téimh a dhícharbónú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh lánleictreacha nach féidir leo caidéil teasa a úsáid gan oibreacha tógála suntasacha
- 12Chaidéal teasa a úsáid chun réitigh gáis nádúrtha nó uisce te leictreacha neamhéifeachtúla a athsholáthar chun ídiú breosla iontaise a laghdú
- 19 n-obair uasghrádaithe soilse chun aistriú ó shoilse fluaraiseacha atá imithe i léig go soilse LED atá tíosach ar fhuinneamh, i dteannta braiteoirí láithreachta chun a chinntiú nach bhfágtar soilse ar siúl lasmuigh d'uaireanta oibre
- 22suiteáil gréine FV chun an t-éileamh ar leictreachas ón eangach a laghdú
- 1 uasghrádú ar chóras aeraithe chun cur amú fuinnimh a laghdú
- 17 Uasghrádú bhfuinneog chun feabhas a chur ar fhuinneoga aon-ghloinithe nó fuinneoga déghloinithe níos sine nach bhfuil chomh héifeachtach, chun feidhmíocht theirmeach a fheabhsú

I measc na dtionscadal reatha a rachaidh i bhfeidhm ar ár n-ídiú fuinnimh agus breosla iontaise, tá na cinn seo a leanas:

- Coláiste na Todhchaí Nua Dhún Búinne
- Príomhoifig Riaracháin Nua, Droichead Átha
- Cúig Scoil Nua
- Sé Thionscadal Mhóra Cineachta um Shíneadh Buan Scoile Buana
- Aon Scéim Cóiríochta Breise déag agus Aonaid Riachtanas Speisialta
- Trí Thionscadal Oibreacha Éigeandála
- Trí Thionscadal Oibreacha Samhraidh
- Dhá Thionscadal Ciste Uasghrádaithe Bonneagair Straitéisigh SOLAS
- Ionad Oiliúna Nua & Ionad Satailíte Feithiclí Leictreacha
- Coláiste Pobail Ráth Chairn - Uasghrádú Teirmeach REPowerEU












AMT
CE
Ionad Oiliúna
Barr Feabhais
Ard-Déantúsaíochta
Advanced
Manufacturing Training
Centre of Excellence



# Na Chéad Ghníomhartha Eile



## Pleananna Oiliúna Foirne

| Gníomhaíocht | Cuspóirí | Róil Spriocdhírithe | Acmhainní agus Ionchuir |
|---|---|---|---|
| Oiliúint Ar Líne Nasc Fuinnimh | Oiliúint ar Ghníomhú ar son na hAeráide & Inbhuanaitheacht | An Fhoireann Uile | Saor in Aisce |
| Oiliúint Soláthair Phoiblí Ghlais | Straitéisí foghlama agus forbartha ar SPG a sholáthar do bhaill foirne i gcomhréir le Treoirlínte an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide | Foirne Soláthair | Líonra Scileanna Fiontraíochta Inbhuanaithe |
| Oiliúint Maoirseachta Uisce | An Fhoireann a chumhachtú chun tacú le cleachtais láidre maoirseachta uisce i scoileanna | An Fhoireann Uile | Uisce Éireann |
| Úsáid Acmhainní Inbhuanaithe | Oideachas maidir le húsáid acmhainní a shrianadh chun tionchar comhshaoil a íoslaghdú | Foirne Glasa | Líonra Scileanna Fiontraíochta Inbhuanaithe agus Nasc Fuinnimh |
| Oiliúint ar Mhodhanna Tógála Ísealcharbóin | Foghlaim faoi dhearadh machnamhach, sonraíocht táirge agus carbón tionscadail chun carbón ionchorpraithe a laghdú i dtionscadail tógála agus athchóirithe | An Roinn Caipitil | |
| Feasacht Ghlas | Feasacht Ghlas a Chur Chun Cinn trí fheachtais faisnéise | An Fhoireann Uile | Éagsúil |
| Oiliúint Bainistíochta Fuinnimh | Cleachtais bainistíochta fuinnimh a chur chun cinn chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid agus í a laghdú | Ar fáil do gach ball foirne scoile agus ionaid | ÚFIÉ |
| Oiliúint Bainistíochta Comhshaoil Fuinnimh san Oideachas | Oideachas a chur ar Fhoirne Glasa na scoile agus na nIonad BrOO maidir le Measúnú Bainistíochta Fuinnimh san Oideachas a chomhlánú | Foirne Glasa | ÚFIÉ |
| Oiliúint MAPA Fuinnimh | Tuiscint a fháil ar conas diagnóisic MAPA Fuinnimh a dhéanamh agus Córas Bainistíochta Fuinnimh a fhorbairt | Foireann Ghlas BOOLM | ÚFIÉ |
| Cúrsa Oiliúna Ceannaireachta um Ghníomhú ar son na hAeráide | Tuiscint a fháil ar bhunghnéithe na haeráide, ar an dúshlán aeráide agus ar cheannaireacht agus ar fhreagrachtaí na hearnála poiblí | Gach Pearsanra Ardbhainistíochta BOOLM (leibhéal PO nó a chomhionann agus os a chionn) | An Foras Riaracháin (FA) |

## Oibreacha Feabhsúcháin Fuinnimh agus Éifeachtúlachta

| Ionaid Oiliúna BrOO Bliain 1 | Stádas | Cineál fuinnimh | Bliain Forfheidhmithe |
|---|---|---|---|
| Iniúchtaí IR426 a chríochnú ar na hIonaid BrOO atá fágtha | Iniúchtaí fuinnimh iomlána a dhéanamh i bhfoirgnimh a bhfuil achar urláir úsáideach iomlán níos mó ná 500m2 acu. | An Fhoireann Uile | 2025 |
| Ionaid BrOO faoi úinéireacht – Pleananna urláir foirgneamh a nuashonrú nuair is gá agus an spás atá in úsáid a athbhreithniú lena chinntiú nach gcuirtear fuinneamh amú i spás nach bhfuil in úsáid | Soláthraí seirbhíse monatóireachta fuinnimh a fhostú chun tacú le spotaí dubha fuinnimh a aithint agus pleananna laghdaithe astaíochtaí atá bunaithe ar shonraí a fhorbairt. | Ilghnéitheach | 2025 |
| Ionaid BrOO faoi úinéireacht – Caidéil sheasta a uasghrádú go caidéil luais inathraithe de réir mar is gá | Aon chaidéil uisce te ísealbhrú (UTÍB) neamhéifeachtúla a athsholáthar. - Caidéil nua le bheith ag luas inathraithe le braiteoir brú difreálach | Ilghnéitheach | 2025 |
| Ionaid BrOO faoi úinéireacht – Gach lampa inmheánach T8, T5, agus DSF (dlúthsholas fluaraiseach) a uasghrádú go soilse LED atá tíosach ar fhuinneamh, lena n-áirítear braiteoirí neamhláithreachta i seomraí ranga agus braiteoirí láithreachta i limistéir ghluaiseachta. | Soilse inmheánach agus seachtrach a uasghrádú go cineál LED i ngach le rialuithe láithreachta/neamhláithreachta agus solais lae. | Leictreachas | 2025 |
| Ionaid BrOO faoi úinéireacht – Rialuithe laisce ama a chur le gach téitheoir uisce | Rialú laisce ama ar théitheoirí uisce agus coirí Burco. | Ilghnéitheach | 2025 |
| Sráid an Bhóthair Iarainn, an Uaimh – Rialú creasa ama agus teochta a shuiteáil le haghaidh téamh spáis | Córais Bainistíochta Foirgnimh (CBF)/ Córais Uathoibrithe agus Rialaithe Foirgneamh (CURF) a shuiteáil. | Ola | 2025 |
| Ógtheagmháil Bhaile Átha Troim – Fomhéadrú | Soláthraí seirbhíse monatóireachta fuinnimh a fhostú chun tacú le spotaí dubha fuinnimh a aithint agus pleananna laghdaithe astaíochtaí atá bunaithe ar shonraí a fhorbairt. | Leictreachas | 2025 |
| Oiliúint Bainistíochta Comhshaoil Fuinnimh san Oideachas | Oideachas a chur ar Fhoirne Glasa na scoile agus na nIonad BrOO maidir le Measúnú Bainistíochta Fuinnimh san Oideachas a chomhlánú. | Foirne Glasa | 2025 |
| Sráid an Bhóthair Iarainn, an Uaimh – Fomhéadrú leictreachais agus gáis a shuiteáil d'úsáideoirí suntasacha fuinnimh | Soláthraí seirbhíse monatóireachta fuinnimh a fhostú chun tacú le spotaí dubha fuinnimh a aithint agus pleananna laghdaithe astaíochtaí atá bunaithe ar shonraí a fhorbairt. | Ilghnéitheach | 2025 |
| IBDA – Suiteáil na méadar do na 3 Sheomra Coire a sheiceáil | Soláthraí seirbhíse monatóireachta fuinnimh a fhostú chun tacú le spotaí dubha fuinnimh a aithint agus pleananna laghdaithe astaíochtaí atá bunaithe ar shonraí a fhorbairt. | Ilghnéitheach | 2025 |
| BrOO Shráid an Rí– Fomhéadrú leictreachais agus gáis a shuiteáil d'úsáideoirí Suntasacha fuinnimh, i.e. Seomraí Coire, TFC, ceangal le CBF uasghrádaithe. | Soláthraí seirbhíse monatóireachta fuinnimh a fhostú chun tacú le spotaí dubha fuinnimh a aithint agus pleananna laghdaithe astaíochtaí atá bunaithe ar shonraí a fhorbairt. | Ilghnéitheach | 2025 |
| BrOO Shráid an Rí – méadrú cliste agus logálaithe sonraí CBF a shuiteáil chun monatóireacht dhomhain a dhéanamh ar ídiú fuinnimh sa lárionad | Soláthraí seirbhíse monatóireachta fuinnimh a fhostú chun tacú le spotaí dubha fuinnimh a aithint agus pleananna laghdaithe astaíochtaí atá bunaithe ar shonraí a fhorbairt. | Ilghnéitheach | 2025 |
| ISOR Dhún Dealgan – Uasghrádú ar dhoirse comhla rothlaí | Doirse comhla rothlaí i saoráidí ceardlainne a athsholáthar chun aerdhíonacht agus feidhmíocht theirmeach a fheabhsú. | Ilghnéitheach | 2025 |
| ISOR Dhún Dealgan – Fomhéadrú leictreachais agus gáis a shuiteáil d'úsáideoirí Suntasacha fuinnimh | Soláthraí seirbhíse monatóireachta fuinnimh a fhostú chun tacú le spotaí dubha fuinnimh a aithint agus pleananna laghdaithe astaíochtaí atá bunaithe ar shonraí a fhorbairt. | Eile | 2025 |



## Oibreacha Feabhsúcháin Fuinnimh agus Éifeachtúlachta

| Ionaid Oiliúna BrOO Bliain 1 (ar lean) | Stádas | Cineál fuinnimh | Bliain Forfheidhmithe |
|---|---|---|---|
| IOBFAD – Fomhéadrú a mhéadú i bhfoirgnimh agus an fomhéadair reatha agus nua a cheangal leis an CBF | Soláthraí seirbhíse monatóireachta fuinnimh a fhostú chun tacú le spotaí dubha fuinnimh a aithint agus pleananna laghdaithe astaíochtaí atá bunaithe ar shonraí a fhorbairt. | Leictreachas | 2025 |
| Ógtheagmháil Bhaile Átha Troim – Lasc chlabhsúir a shuiteáil sa seomra ríomhaireachta chun deireadh a chur le caillteanais fuireachais | Is ídítheoir ollmhór fuinnimh é an t-ídiú fuinnimh ar ríomhairí ar fuireachas. Trí lasc chlabhsúir a shuiteáil ar gach seomra ríomhaireachta, cuirfear deireadh le caillteanais fuireachais le linn tréimhsí neamhghníomhacha/laethanta saoire. | Leictreachas | 2025 |
| Ógtheagmháil Bhaile Átha Troim – Méadar seiceála a shuiteáil ar fhothaire isteach ó phríomhlíonra BSL | Soláthraí seirbhíse monatóireachta fuinnimh a fhostú chun tacú le spotaí dubha fuinnimh a aithint agus pleananna laghdaithe astaíochtaí atá bunaithe ar shonraí a fhorbairt. | Leictreachas | 2025 |
| SDOG Dhún Dealgan – Méadair Sheiceála a Shuiteáil | Soláthraí seirbhíse monatóireachta fuinnimh a fhostú chun tacú le spotaí dubha fuinnimh a aithint agus pleananna laghdaithe astaíochtaí atá bunaithe ar shonraí a fhorbairt. | Leictreachas | 2025 |
| Ógtheagmháil Bhaile Átha Troim – Lasc chlabhsúir a shuiteáil sa seomra ríomhaireachta chun deireadh a chur le caillteanais fuireachais | Is ídítheoir ollmhór fuinnimh é an t-ídiú fuinnimh ar ríomhairí ar fuireachas. Trí lasc chlabhsúir a shuiteáil ar gach seomra ríomhaireachta, cuirfear deireadh le caillteanais fuireachais le linn tréimhsí neamhghníomhacha/laethanta saoire. | Leictreachas | 2025 |
| Príomhoifig Dhún Dealgan – Caidéal Teasa Aer go hAer a chur in ionad coire | Córas téimh défhiúsach (caidéal teasa foinse aeir le coire GPL le haghaidh buaicphointí) a chur in ionad córas téimh breosla iontaise ré caite. | Leictreachas | 2025 |

| Oibreacha Feabhsúcháin Fuinnimh agus Éifeachtúlachta - Scoileanna Bliain 1 | Stádas | Cineál fuinnimh | Bliain Forfheidhmithe |
|---|---|---|---|
| Iniúchtaí IR426 agus DFTanna a chríochnú ar na scoileanna atá fágtha | Iniúchtaí fuinnimh iomlána a dhéanamh i bhfoirgnimh a bhfuil achar urláir úsáideach iomlán níos mó ná 500m2 acu. | Ilghnéitheach | 2025 |
| Pleananna urláir foirgneamh a nuashonrú nuair is gá agus athbhreithniú a dhéanamh ar an spás a úsáidtear lena chinntiú nach gcuirtear fuinneamh amú i spás nach bhfuil in úsáid | Pleananna urláir foirgneamh a nuashonrú nuair is gá agus athbhreithniú a dhéanamh ar an spás a úsáidtear lena chinntiú nach gcuirtear fuinneamh amú i spás nach bhfuil in úsáid | Ilghnéitheach | 2025 |
| Gach lampa inmheánach T8, T5, agus DSF a uasghrádú go lampaí LED atá tíosach ar fhuinneamh, lena n-áirítear braiteoirí neamhláithreachta i seomraí ranga agus braiteoirí láithreachta i limistéir ghluaiseachta. | Soilse inmheánach agus seachtrach a uasghrádú go cineál LED i ngach le rialuithe láithreachta/neamhláithreachta agus solais lae. | Ilghnéitheach | 2025 |
| Rialuithe laisce ama a chur le gach téitheoir uisce | Rialú laisce ama ar théitheoirí uisce agus coirí Burco. | Ilghnéitheach | 2025 |
| Logálaithe sonraí CBF le haghaidh monatóireacht dhomhain ar ídiú fuinnimh sa scoil | Is ídítheoir ollmhór fuinnimh é an t-ídiú fuinnimh ar ríomhairí ar fuireachas. Trí lasc chlabhsúir a shuiteáil ar gach seomra ríomhaireachta, cuirfear deireadh le caillteanais fuireachais le linn tréimhsí neamhghníomhacha/laethanta saoire. | Ilghnéitheach | 2025 |
| Suiteáil FV gréine ag 22 scoil - suiteáil eagar 6 kWp | Suiteáil eagair FV gréine 6KWp ar an díon. Maoiniú ar fáil faoin gClár Fótavoltach do Scoileanna. | Leictreach | 2025 |
| Coláiste Pobail, Clár Pathfinder AE REPower Ráth Cairn | Uasghrádú teirmeach ar scoil | Leictreach | 2025 |

Tá na gníomhartha thuasluaite beartaithe do Bhliain 1 den Treochlár seo. Roghnaíodh iad tar éis machnamh a dhéanamh ar mholtaí ó Iniúchtaí Fuinnimh IR426. Tá maoiniú d'oibreacha Deontais Caipitil Ghlais Cineachta deimhnithe ar feadh trí bliana. Éascóidh sé seo oibreacha breise a chur i gcrích. Leis na hIniúchtaí Fuinnimh IR426 san fhoirgneamh atá fágtha i bpunann BOOLM a chríochnú, cabhrófar le tionscadail amach anseo a roghnú.



# Conclúid

Leagtar amach sa Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide seo conas atá sé beartaithe ag BOOLM a spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach. Cuimsíonn na pleananna seo infheistíocht in áitribh BOOLM, oiliúint foirne, forbairt próiseas agus nósanna imeachta agus dul i dteagmháil le maoinitheoirí agus le páirtithe leasmhara eile.

lmetb

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
Louth and Meath Education and Training Board

# Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide